**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P9_TA(2021)0277

## Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 ar Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol (2020/2273(INI))**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal ‘Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol (COM(2020)0380);

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640), agus rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an ábhar céanna[1],

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 maidir le Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol (COM(2020)0381),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2016 maidir le Plean Gníomhaíochta AE i gcoinne na Gáinneála ar Fhiadhúlra (COM(2016)0087),

– ag féachaint don Tuarascáil ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an Athbhreithniú Meántéarmach ar Straitéis Bithéagsúlachta AE go dtí 2020 (COM(2015)0478),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Iúil 2019 maidir le Dlús a chur le Gníomhaíocht AE chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú (COM(2019)0352) agus don rún ón bParlaimint an 16 Meán Fómhair 2020 maidir le ról AE i dtaca le foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[2];

– ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil de chuid an Aontais go dtí 2020 dar teideal ‘Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid[3]’ agus don togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Clár Ginearálta

1 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0005.
2 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0212.
3 IO L 354, 28.12.2013, lch. 171.

Gníomhaíochta Comhshaoil nua de chuid an Aontais go dtí 2030 (COM(2020)0652),

– ag féachaint do Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)[1],

– ag féachaint don Tuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda ón gClár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES), an 31 Bealtaine 2019, ar sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) agus don 15ú cruinniú atá le bheith ag Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún sin (COP15),

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna),

– ag féachaint d’Ionchas Domhanda Bithéagsúlachta 5 an 15 Meán Fómhair 2020 ó Rúnaíocht CBD,

– ag féachaint do na tuarascálacha ón bPainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC), go háirithe Tuarascáil Speisialta an 24 Meán Fómhair 2019 maidir leis an Aigéan agus an Criosféar in Aeráid atá ag Athrú, Tuarascáil Speisialta an 8 Lúnasa 2019 ar Athrú Aeráide agus Talamh, agus Tuarascáil Speisialta an 8 Deireadh Fómhair 2018 maidir le Téamh Domhanda an 1,5 °C,

– ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES),

– ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige,

– ag féachaint don Choinbhinsiún maidir leis an Meánmhuir a Chosaint ar Thruailliú, don Choinbhinsiún maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint ar Thruailliú, do Choinbhisiún Heilsincí um Chosaint Mhuirthimpeallacht Limistéar Mhuir Bhailt, agus don Choinbhinsiún um Chosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh,

– ag féachaint do na tuarascálacha ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe an 24 Eanáir 2018 agus an 15 Iúil 2020 maidir le hoibleagáidí chearta an duine a bhaineann le tairbhiú de thimpeallacht shábháilte, ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe,

– ag féachaint do Ghealltanas Cheannairí na Náisiún Aontaithe don Dúlra an 28 Meán Fómhair 2020 dar teideal ‘Aontaithe chun Caillteanas Bithéagsúlachta a Aisiompú faoi 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe’,

– ag féachaint do thuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) an 4 Nollaig 2019 dar teideal ‘Comhshaol na hEorpa – staid agus forbhreathnú 2020: Eolas ar mhaithe leis an aistriú chuig Eoraip inbhuanaithe’,

---

[1] IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.

– ag féachaint don tuarascáil ó EEA an 19 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal ‘Staid an Dúlra san AE – Torthaí ó thuairisciú faoi na treoracha dúlra 2013-2018’,

– ag féachaint do thuarascáil Ionchas Acmhainní Domhanda 2019 ón bPainéal Acmhainní Idirnáisiúnta de Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint do Thuarascáil Cheardlainne IPBES an 29 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Bithéagsúlacht agus Paindéimí,

– ag féachaint do thuarascáil 2020 ó Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) maidir le Stát an Iascaigh agus an Dobharshaothraithe Dhomhanda,

– ag féachaint don tuarascáil ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin maidir leis an Eolaíocht don Bheartas an 13 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal ‘Mapáil agus Measúnú ar Éiceachórais agus a Seirbhísí: Measúnú ar éiceachóras AE’,

– ag féachaint do Thuarascálacha Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) an 5 Feabhra 2020 dar teideal ‘Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí: dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú’, an 5 Meitheamh 2020 dar teideal ‘Bithéagsúlacht ar thalamh feirme: Níor chuir ranníocaíocht CBT stop leis an meath‘, an 9 Iúil 2020 dar teideal’Cosaint pailneoirí fiáine in AE – Tá thionscnaimh an Choimisiúin gan toradh’, agus an 26 Samhain 2020 dar teideal ‘An Mhuirthimpeallacht: Tá cosaint AE leathan ach níl sí domhain’,

– ag féachaint don fhaisnéisiú ó LEE an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal ‘Éifeachtacht bainistíochta i líonra Natura 2000 AE de limistéir faoi chosaint’,

– ag féachaint don fhaisnéisiú ó EEA an 11 Eanáir 2021 dar teideal ‘Fás gan fás eacnamaíoch’,

– ag féachaint don toradh a bhí ar Shainghrúpa Teicniúil Ad Hoc CBD maidir le measúnú riosca an 15 Aibreán 2020,

– ag féachaint don rún uaithi an 16 Eanáir 2020 maidir leis an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP15) sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch[1],

– ag féachaint don rún uaithi an 28 Samhain 2019 maidir leis an éigeandáil aeráide agus chomhshaoil[2],

– ag féachaint don rún uaithi an 14 Márta 2019 ar an tuarascáil bhliantúil straitéiseach maidir le cur chun feidhme agus seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)[3],

– ag féachaint don rún uaithi an 22 Deireadh Fómhair 2020 maille le moltaí don Choimisiún maidir le creat dlíthiúil AE chun stop a chur le dífhoraoisiú domhanda atá á thiomáint ag AE agus chun é a aisiompú[4],

---

1 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0015.
2 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0078.
3 IO C 23, 21.1.2021, lch. 130.
4 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0285.

– ag féachaint dá rún an 15 Samhain 2017 maidir le Plean Gníomhaíochta don dúlra, do dhaoine agus don gheilleagar[1],

– ag féachaint do na rúin uaithi an 6 Iúil 2016 maidir le cinneadh na Seapáine tús a chur arís le seilg míolta móra i séasúr 2015-2016[2] an 12 Meán Fómhair 2017 maidir le seilg míolta móra san Iorua[3],

– ag féachaint don rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meán Fómhair 2020 maidir le Bliain Eorpach na gCathracha Níos Glaise 2022[5],

– ag féachaint d'Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt),

– ag féachaint d'Airteagal 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thrádáil, ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus ón gCoiste um Iascach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0179/2021),

A. de bhrí go bhfuil éigeandáil aeráide agus comhshaoil fógartha ag Parlaimint na hEorpa agus go bhfuil gealltanas tugtha aici an ghníomhaíocht nithiúil is gá a dhéanamh go práinneach chun an bhagairt sin a chomhrac agus a shrianadh sula mbeidh sé ródhéanach[6]; de bhrí go bhfuil cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide idirnasctha agus go mbíonn siad ag géarú ar a chéile[7], agus gur bagairtí comhionanna iad ar an saol ar ár bpláinéad, agus, dá bharr sin, gur cheart dul i ngleic go práinneach leo i dteannta a chéile;

B. de bhrí go bhfuil an dúlra ag meath ar ráta agus ar scála nach bhfacthas riamh roimhe seo i stair an duine; de bhrí go meastar go bhfuil aon mhilliún speiceas ar fud an domhain atá i mbaol a ndíothaithe[8]; de bhrí nach bhfuil stádas fabhrach ach ag 23 % de speicis agus ag 16 % de ghnáthóga faoi threoracha AE maidir le nádúr[9];

---

1 IO C 356, 4.10.2018, lch. 38.
2 IO C 101, 16.3.2018, lch. 123.
3 IO C 337, 20.9.2018, lch. 30.
4 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0201.
5 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0241.
6 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0078.
7 Karlsruher Institut für Technologie, 'Climate change exacerbates biodiversity loss: Post-2020 biodiversity targets will have to consider global warming' [Géaraíonn an t-athrú aeráide cailliúint na bithéagsúlachta: Ní mór an téamh domhanda a chur san áireamh i spriocanna bithéagsúlachta tar éis 2020], ScienceDaily, Rockville, 2020.
8 Achoimre do lucht ceaptha beartas ar Thuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda IBPES maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais .
9 Staid an Dúlra san Aontas Eorpach – Torthaí ó thuairisciú de réir threoracha dúlra 2013-2018.

C. de bhrí gurb é is aidhm le Straitéis Bithéagsúlachta AE do 2030 agus leis an gcomhaontú idirnáisiúnta atá le teacht faoi CBD creat AE agus creat domhanda maidir leis an mbithéagsúlacht a bhunú suas go 2030;

D. de bhrí gur bliain chinntitheach a bheidh in 2021 don bhithéagsúlacht agus de bhrí gur cheart gur uain don bhithéagsúlacht a bheadh in COP15, de chineál Chomhaontú Pháras; de bhrí go dtugann COP15 agus COP26 de UNFCCC deis uathúil chun athrú ó shamhail fhrithghníomhach go samhail réamhghníomhach, réamhchúraim agus chun na hathruithe is gá a thabhairt i gcrích;

E. de bhrí go bhfuil Straitéis Bithéagsúlachta AE do 2030 ar cheann de na príomhthionscnaimh den Chomhaontú Glas don Eoraip; de bhrí, le Straitéis Bithéagsúlachta AE do 2030 agus leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', mar aon le beartais eile, go múnlófar an t-athrú chun an dúlra a chosaint agus chun gnáthóga agus speicis a chaomhnú;

F. de bhrí go dtugtar le tuiscint leis an bhfianaise atá ar fáil nach bhfuil sé ródhéanach stop a chur leis na treochtaí reatha i meath na bithéagsúlachta agus na treochtaí sin a aisiompú[1] ; de bhrí go n-éileofar athruithe suntasacha chun é sin a dhéanamh;

G. de bhrí go bhfuil daoine ina gcuid den dúlra agus go bhfuil luach intreach ag an dúlra; de bhrí gur dlúthchuid d'oidhreacht an domhain í an bhithéagsúlacht;

H. de bhrí go bhfuil díothú speiceas buan, gur bagairt é ar éiceachórais agus ar sholáthar seirbhísí éiceachórais, agus gur bagairt é ar dhea-bhail agus ar mharthanas an duine; de bhrí gur dhearbhaigh an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) go bhfuil 160 speiceas díothaithe fiú le deich mbliana anuas;

I. de bhrí go bhfuiltear á thuar, de réir IPBES, go mbeidh 90 % den talamh athraithe go suntasach faoi 2050 agus go bhfuil 75 % den talamh athraithe go suntasach cheana féin; de bhrí go bhfuil 85 % de limistéir bhogaigh caillte cheana féin;

J. de bhrí go bhfuil an bhithéagsúlacht ríthábhachtach don tslándáil bia, d'fholláine an duine agus don fhorbairt ar fud an domhain;

K. de bhrí nach mór do AE na deiseanna a thapú chun na ceachtanna ó phaindéim COVID-19 a ionchorprú ina chuid beartas agus cuspóirí;

L. de bhrí go bhfuil 70 % de na galair agus na paindéimí atá ag teacht chun cinn de thionscnamh ainmhíoch[2]; de bhrí go bhfuil sé léirithe le paindéim COVID-19 gur féidir rioscaí méadaithe ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe a bheith mar thoradh ar chleachtais a chuireann an mbithéagsúlacht faoi bhrú;

M. de bhrí, má scriostar gnáthóga nádúrtha agus má dhéantar trádáil i bhfiadhúlra, go méadaítear teagmhála idir daoine agus an fiadhúlra agus go mbeidh sé sin ina fhachtóir tábhachtach maidir le galair víreasacha a bheith ag teacht chun cinn agus ag leathadh sa

---

1 Ionchas Domhanda Bithéagsúlachta 5.

2 Daszak, P. et al., *Workshop Report on Bioderversity agus Pandemics* [Tuarascáil Cheardlainne maidir le Bithéagsúlacht agus Paindéimí], an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, Bonn, 2020.

todhchaí[1];

N. de bhrí go ranncuidíonn an bhithéagsúlacht go dearfach le sláinte an duine; de bhrí gur de thionscnamh nádúrtha suas le 80 % de na cógais a úsáideann daoine[2];

O. de bhrí go bhfuil níos mó limistéar faoi chosaint ag AE ná atá ag aon réigiún eile ar domhan[3]; de bhrí nach leor an líonra reatha de limistéir faoi chosaint dlí, lena n-áirítear na limistéir sin atá faoi dhianchosaint, chun an bhithéagsúlacht a choimirciú[4];

P. de bhrí go bhfuil AE fós le dul i ngleic le bearnaí móra cur chun feidhme a mhéid a bhaineann le líonra Natura 2000 a bhainistiú go héifeachtach;

Q. de bhrí go ranncuidíonn Natura 2000 le caomhnú speiceas, ach nach bhfuil go leor speiceas atá faoi bhagairt cosanta ag an líonra sin[5];

R. de bhrí go meastar go dtacaíonn Natura 2000 le 52 000 post díreach agus indíreach i mbainistiú caomhnaithe, agus de bhrí go bhfuil naisc idir 3.1 milliún (an ceathrú cuid) post turasóireachta agus limistéir faoi chosaint[6]; de bhrí go bhfuil sé beartaithe le leathnú limistéar faoi chosaint an bhithéagsúlacht a choimirciú, ach go gcuireann sé freisin leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú aeráide agus go ngintear torthaí suntasacha tríd an infheistíocht agus trí phoist a chruthú;

S. de bhrí go bhfuil easnaimh thromchúiseacha i mbeartais AE maidir le cosaint nó athbhunú na bithéagsúlachta tugtha chun suntais ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, easnaimh lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, bearta neamhleora chun an bhithéagsúlacht a chosaint nó a athbhunú, easpa cur chun feidhme agus cistiúcháin, agus táscairí míchuí chun dul chun cinn a thomhas[7]; de bhrí gur cheart do bheartais AE a bheidh ann amach anseo na heasnaimh sin a réiteach agus aghaidh a thabhairt orthu;

T. de bhrí go bhfuil thart ar 75 % de bharra bia an domhain ag brath ar phailneoirí feithidí[8] agus de bhrí go bhfuil laghdú mór tagtha ar líon na bpailneoirí le blianta beaga anuas; de bhrí go bhfuil dlúthbhaint idir caomhnú na bithéagsúlachta agus caomhnú feithidí;

U. de bhrí nach bhfuil an doiciméad treorach maidir le beacha ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) glactha go foirmiúil agus nach bhfuil a athbhreithniú tugtha

---

1 Ibid.

2 Durant, O., *Natural Medicine: Past to Present* [Leigheas Nádúrtha:Roimhe Seo agus Anois], Coláiste na hOllscoile, Londain, 2018.

3 Tuarascáil EEA an 23 Samhain 2020 dar teideal 'An introduction to Europe's Protected Areas' [Buntreoir do Limistéir Chosanta na hEorpa].

4 Management effectiveness in the EU's Natura 2020 network of protected areas [Éifeachtacht bainistíochta i líonra Natura 2000 AE de limistéir faoi chosaint].

5 ten Brink, P. et al., *Natura 2000 – Jobs Scoping Study (Executive summary)* [Staidreamh Scóipe maidir le Poist (Achoimre Fheidhmeach)], (an Institiúid um Beartas Comhshaoil Eorpach, an Bhruiséil, 2017.

6 Ibid.

7 Tuarascáil speisialta CIE an 21 Feabhra 2017 dar teideal 'More efforts needed to implement the Natura 2000 network to its full potential' [Iarracht bhreise de dhíth chun líonra Natura 2000 a chur chun feidhme ionas go mbainfidh sé barr a chumais amach].

8 Tuarascáil EBT an 20 Bealtaine 2018 dar teideal 'Why Bees Matter'[Tábhacht na mBeach].

chun críche go rathúil;

V. de bhrí go ndearna Parlaimint na hEorpa rún maidir le Tionscnamh Pailneoirí AE a ghlacadh an 18 Nollaig 2019[1], rud ar dearbhú é ar a seasamh láidir maidir leis an tábhacht a bhaineann le pailneoirí a chosaint;

W. de bhrí go n-éilítear le creat agus gníomhaíochtaí Thionscnamh reatha Pholaiteoirí AE go ndéanfar treisiú agus comhtháthú i mbeartais earnálacha uile AE;

X. de bhrí go bhfuil faireachán, taighde agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le cosaint feithidí ilroinnte, gur minic neamhleor iad agus go mbíonn siad tearcmhaoinithe nó nach ann dóibh ar an leibhéal náisiúnta;

Y. de bhrí go bhfuil nasc idir cailliúint na bithéagsúlachta agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha; de bhrí gur cheart do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha teorainneacha pláinéadacha a urramú;

Z. de bhrí go bhfuil tairbhí eacnamaíocha díreacha agus indíreacha d'fhormhór na n-earnálacha sa gheilleagar ag baint le caomhnú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras agus go gcuireann sé taca faoi fheidhmiú ár ngeilleagar agus ár sochaithe; de bhrí go mbraitheann gach gnólacht ar sheirbhísí éiceachórais, bíodh sin go díreach nó go hindíreach; de bhrí go bhfuil sé d'acmhainneacht ag beartas bithéagsúlachta feabhsaithe lena ngabhann bearta éifeachtacha an geilleagar a neartú agus deiseanna fostaíochta a chur ar fáil;

AA. de bhrí gurb iad príomhspreagthóirí díreacha chailliúint na bithéagsúlachta athruithe in úsáid talún agus mara, eastóscadh acmhainní nádúrtha, athrú aeráide, truailliú agus ionradh speiceas coimhthíoch[2]; de bhrí, chomh maith le caomhnú agus athbhunú an dúlra, go bhfuil gníomhaíocht ar spreagthóirí chailliúint na bithéagsúlachta, go háirithe in earnálacha claochlaithe córas úsáide talún agus bia, bunriachtanach le haghaidh straitéis bithéagsúlachta iar-2020[3];

AB. de bhrí gur comhacmhainn í an ithir[4] agus go bhfuil bithéagsúlacht na hithreach faoi bhrú méadaitheach; de bhrí gur cheart go mbeadh faireachán ar fud AE ar bhithéagsúlacht na hithreach, lena n-áirítear treochtaí maidir lena raon agus a méid, mar chomhlánú ar Shuirbhéanna Fráma rialta ar Úsáid Talún agus ar Chumhdach Limistéir maidir le paraiméadair fhisiceimiceacha san fhadtéarma;

AC. de bhrí go gcumhdaíonn bithéagsúlacht talmhaíochta gach comhpháirt den éagsúlacht bhitheolaíoch atá ábhartha do bhia agus don talmhaíocht agus gach comhpháirt den éagsúlacht bhitheolaíoch arb ionann í agus éiceachórais talmhaíochta, dá dtagraítear freisin mar agrai-éiceachórais, lena n-áirítear éagsúlacht agus inathraitheacht ainmhithe, plandaí agus miocrorgánach ar na leibhéil ghéiniteacha, speicis agus éiceachórais, atá riachtanach chun feidhmeanna lárnacha an agra-éiceachórais, a struchtúr agus a phróisis

---

1 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0104.
2 IPBES Tuarascáil Measúnaithe Dhomhanda an 31 Bealtaine 2019 maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais.
3 Leclère, D. et al., 'Bending the curve of terrestrial biodiversity needs an integrated strategy' [Teastaíonn straitéis chomhtháite chun cuar na bitheagsúlachta talún a lúbadh', *Nature*, Iml. 585, Nature Research, Londain, 2020, lgh. 551-556.
4 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach (téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0143).

a chothú;

AD. de bhrí go léiríonn na treochtaí fadtéarmacha i bpobail éan coiteann de thalamh feirme agus d'fhoraois agus i bpobail féileacán féarthalún go bhfuil meath mór tagtha ar bhithéagsúlacht na talún feirme in AE[1]; de bhrí gur caillteanas, ilroinnt agus díghrádú na n-éiceachóras nádúrtha is cúis leis sin go príomha, de bharr diansaothrú talmhaíochta, dianbhainistiú ar fhoraoisí, tréigean talún agus sraoilleáil uirbeach den chuid is mó[2];

AE. de bhrí gur féidir le bainistiú inbhuanaithe ar thailte talmhaíochta rannchuidiú le feidhmeanna éiceachórais níos leithne, amhail an bhithéagsúlacht a chosaint, carbón a cheapadh, cáilíocht an uisce agus an aeir a chothabháil, taise na hithreach a choinneáil trí laghdú a dhéanamh ar rith chun srutha, rud a ligfidh d'uisce an ithir a insíothlú agus smacht a choinneáil ar chreimeadh;

AF. de bhrí go meastar, ar bhonn bithmhaise, gur beostoc atá sa chuid is mó de na mamaigh ar domhan agus gurb ionann mamaigh fiáine agus céatadán íseal díobh; de bhrí go bhfuil leibhéal íseal d'éagsúlacht ghéiniteach i measc na n-éan freisin, rud ar ábhar imní é[3];

AG. de bhrí gur féidir leis na hearnálacha iascaireachta, dobharshaothraithe agus próiseála rannchuidiú le SFIanna na Náisiún Aontaithe;

AH. de bhrí go bhfuil cúiseanna imní curtha in iúl i staidéir eolaíocha faoi na tionchair dhíobhálacha fhadtéarmacha shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid teicnící iascaireachta áirithe ar bhithéagsúlacht na n-aigéan agus ar an muirthimpeallacht;

AI. de bhrí gur féidir le hiascairí rannchuidiú le díghrádú comhshaoil a chosc agus leis an muirthimpeallacht a chaomhnú trí mhodhanna agus teicnící inbhuanaithe a úsáid;

AJ. de bhrí, de dheasca díghrádú gnáthóg agus cur isteach ar chonairí imirce, agus róshaothrú de bharr iascaireachta, i measc tosca eile, go bhfuil roinnt speiceas éisc amhail an bradán fearna tugtha i mbéal a ndíothaithe;

AK. de bhrí, in ainneoin roinnt feabhsuithe fíoraithe ar inbhuanaitheacht maidir le saothrú acmhainní muirí i roinnt imchuacha farraige, go bhfuil limistéir ann fós arb ábhar imní iad, go háirithe sa Mheánmhuir;

AL. de bhrí go bhfuil spriocanna leagtha síos ag AE faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí; de bhrí go bhfuil gá fós le bearta chun an cuspóir maidir le dea-stádas comhshaoil do dhobharlaigh a bhaint amach;

---

1 Tuarascáil Speisialta ó CIE dar teideal 'Biodiversity on farmland: CAP contribution has not halted the decline' [Bithéagsúlacht ar thalamh talmhaíochta: Níor chuir rannchuidiú CBT stop leis an meath], 2020;

2 Tuarascáil ó EEA dar teidéal 'The European environment – state and outlook 2020: knowledge for transition to a sustainable Europe' [Comhshaol na hEorpa – staid agus forbhreathnú 2020, eolas ar mhaithe leis an aistriú chuig Eoraip inbhuanaithe].

3 Bar-On, Y.M., Phillips, R. and Milo, R., 'The biomass distribution on Earth' [Dáileadh na bithmhaise ar Domhan], *Proceedings of the National Academy of Sciences of the United States of America,* Iml. 115, Uimh. 25, Acadamh Náisiúnta na nEolaíochtaí, Washington, D.C., 2018.

AM. de bhrí go bhfuil sé ráite ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa[1], cé go bhfuil creat i bhfeidhm chun an mhuirthimpeallacht a chosaint, nár fhág gníomhaíochtaí AE gur tugadh cosaint leordhóthanach d'éiceachórais agus gnáthóga, agus nach dtugann na limistéir mhuirí faoi chosaint (MPAnna) atá ann faoi láthair ach cosaint theoranta;

AN. de bhrí go bhfuil foraoisí agus an luachshlabhra foraoisbhunaithe ar fad riachtanach chun an bithgheilleagar ciorclach a fhorbairt tuilleadh ós rud é go soláthraítear poist leo, go n-áirithítear leas eacnamaíoch i limistéir thuaithe agus uirbeacha leo, go gcuirtear seirbhísí um maolú agus oiriúnú ar an athrú aeráide ar fáil leo, go dtáirgtear tairbhí a bhaineann leis an tsláinte leo, go gcosnaítear an bhithéagsúlacht agus ionchais i limistéir shléibhtiúla, oileánacha agus thuaithe leo agus go ndéantar an gaineamhlú a chomhrac leo;

AO. de bhrí gur foraoisí iad 43 % de limistéar talún AE agus go bhfuil 80 % dá bhithéagsúlacht talún iontu[2]; de bhrí go bhfuil gníomhaíochtaí foraoiseachta ar an dara catagóir is mó a bhfuil sé tuairiscithe go gcuireann siad brú ar speicis[3], agus tionchar acu go háirithe ar arirteapóid, ar mhamaigh agus ar phlandaí neamhshoithíocha; de bhrí go mbíonn drochthionchar ar a lán speiceas atá spleách ar fhoraoisí mar gheall ar baint crann marbh, baint crann atá ag fáil báis agus baint seanchrann[4], mar gheall ar laghdú ar fhoraoisí cianaosta agus mar gheall ar mhodhanna bainistithe foraoise áirithe amhail glanleagan;

AP. de bhrí gur i bhforaoisí atá os cionn 75 % de bhithéagsúlacht talún an domhain[5]; de bhrí go bhfuil moltaí tugtha ag an bParlaimint don Choimisiún maidir le creat dlíthiúil de chuid AE chun dífhoraoisiú domhanda agus díghrádú foraoise agus éiceachórais faoi thionchar AE a stopadh agus a aisiompú[6];

AQ. de bhrí go bhfuil dea-stádas an chomhshaoil agus éiceachórais fholláine ríthábhachtach chun an t-athrú aeráide a chomhrac, agus go bhfuil ról bunúsach ag éiceachórais i maolú ar an athrú aeráide agus in oiriúnú don athrú sin; de bhrí go ndéanann an t-athrú aeráide difear don bhithéagsúlacht toisc gurb iad na hathróga aeráide, den chuid is mó, is cúis le raonta dáileacháin geografacha speiceas; de bhrí, i limistéir nach bhfuil an aeráid oiriúnach a thuilleadh, go n-aistríonn roinnt speiceas a raonta geografacha agus go dtéann speicis eile in éag go háitiúil;

---

1 Tuarascáil speisialta ó CIE dar teideál 'Marine environment: EU protection is wide but not deep' [An Comhshaol muirí: Tá cosaint AE leathan ach níl sí domhain].

2 Airteagal ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Nollaig 2020 dar teideal 'Sustainable forestry: Parliament's work to fight deforestation' [Foraoiseacht inbhuanaithe: obair na Parlaiminte chun dífhoraoisiú a chomhrac].

3 Tuarascáil ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'The state of nature in the European Union – Report on the status and trends in 2013 - 2018 of species and habitat types protected by the Birds and Habitats Directives' [Staid an dúlra san Aontas Eorpach – Tuarascáil ar stádas agus treochtaí ó 2013 go 2018 maidir le speiceas agus cineálacha gnáthóg atá cosanta ag na Treoracha um Éin agus um Ghnáthóga] COM(2020)0635).

4 Ibid.

5 Tuarascáil ó EBT agus ó Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe an 22 Bealtaine 2020 dar teideal 'The State of the World's Forests – Forests, biodiversity and people'[Staid Fhoraoisí an Domhain – Foraoisí, bithéagsúlacht agus daoine].

6 Rún lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le creat dlíthiúil de chuid AE chun an dífhoraoisiú domhanda atá faoi thionchar AE a stopadh agus a aisiompú.

AR. de bhrí go bhféadfadh réitigh dhúlra-bhunaithe agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais nasc láidir beartais a sholáthar idir trí choinbhinsiún Rio, ar réitigh iad lena dtugtar aghaidh, ar bhealach comhtháite, ar an athrú aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta;

AS. de bhrí, de réir IPBES, go bhfuil an truailliú ar cheann de na cúig spreagthóir de chailliúint na bithéagsúlachta; de bhrí go meastar go bhfuil faisnéis stóinsithe ann faoi thart ar 500 ceimiceán agus de bhrí, faoi Aibreán 2019, gur mheas an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán 450 substaint mar a bheith á rialáil go leordhóthanach; de bhrí go meastar i leith 10 000 substaint eile go bhfuil na rioscaí a bhaineann leo sainaitheanta go measartha maith, ach go bhfuil thart ar 20 000 substaint ann nach bhfuil ach faisnéis theoranta ar fáil faoi riosca ina leith; de bhrí, maidir le formhór na substaintí, thart ar 70 000 acu, gur ar éigean atá aon fhaisnéis ann faoi na guaiseacha nó na rioscaí a bhaineann le neamhchosaint orthu; de bhrí gur gá bearnaí suntasacha eolais maidir le tionchair uile na gceimiceán ar an mbithéagsúlacht agus ar an gcomhshaol a dhúnadh go práinneach;

AT. de bhrí go n-athraíonn truailliú solais leibhéil nádúrtha sholas na oíche do dhaoine, d'ainmhithe agus do phlandaí agus, ar an gcaoi sin, go ndéanann sé difear diúltach don bhithéagsúlacht trí, mar shampla, gníomhaíocht imirce, oíche agus atáirgthe ainmhithe a chur ó chothrom, rud a fhágann freisin go gcailltear feithidí agus pailneoirí a tharraingítear go marfach go dtí an solas saorga;

AU. de bhrí, de réir thuarascáil 2020 ón Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde[1], go bhfuil speicis choimhthíocha ionracha (IAS) ann anois i ngach éiceachóras agus go bhfuil siad ina mbagairt ar éiceachórais uirbeacha agus féarthailte go háirithe;

AV. de bhrí, leis na treochtaí diúltacha atá sa bhithéagsúlacht agus in éiceachórais faoi láthair, go mbainfear an bonn ón dul chun cinn i dtreo spriocanna comhshaoil SFI, ach freisin ón dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaineann le bochtaineacht, ocras, sláinte, uisce, cathracha agus leis an aeráid; de bhrí nach mór, dá bhrí sin, cailliúint agus díghrádú na bithéagsúlachta a mheas ní hamháin mar shaincheist chomhshaoil ach mar shaincheist forbraíochta, eacnamaíoch, shóisialta agus mhorálta freisin;

AW. de bhrí go bhfuil beagnach 80 % de bhithéagsúlacht AE le fáil faoi láthair ina réigiúin is forimeallaí agus ina thíortha agus críocha thar lear[2];

AX. de bhrí nach mór do AE agus a Bhallstáit a n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus cearta an duine a chomhlíonadh, de bhreis ar n-oibleagáidí maidir le comhtháthú beartas i ngníomhaíocht sheachtrach, i gcomhréir lena n-oibleagáid faoin gCairt chun ardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais AE, agus i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe;

AY. de bhrí gur féidir le hobair Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta

[1] Tuarascáil ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin maidir leis an Eolaíocht don Bheartas an 13 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Mapping and Assessment of Ecosystem and their Services: An EU ecosystem assessment' [Mapáil agus Measúnú ar Éiceachórais agus a Seirbhísí: Measúnú ar éiceachóras AE] (forlíonadh) agus tionscnamh Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil sa Choimisiún 'BEST' (scéim dheonach do Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais sna Réigiúin is Forimeallaí san Aontas Eorpach agus  i dTíortha agus Críocha Thar Lear).

[2] tionscadal BEST.

an duine agus an comhshaol an bealach a réiteach chun creat dlíthiúil d'oibleagáidí chearta an duine a mhúnlú i ndáil le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta; de bhrí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na gcosantóirí comhshaoil agus talún a ndearnadh ionsaí orthu ar fud an domhain le blianta beaga anuas;

AZ. de bhrí go meastar go bhfuil an ceathrú cuid ar a laghad den limistéar talún domhanda faoi úinéireacht, faoi bhainistiú, á úsáid nó mar áit chónaithe ag pobail dhúchasacha agus ag pobail áitiúla; de bhrí go n-aithnítear cearta comhchoiteanna agus cearta aonair na bpobal dúchasach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasacha; de bhrí go bhfuil ról buntábhachtach ag pobail dhúchasacha agus ag pobail áitiúla maidir le bithéagsúlacht an domhain a chaomhnú agus de bhrí nach féidir spriocanna bithéagsúlachta domhanda a bhaint amach gan aitheantas a thabhairt do chearta na bpobal sin;

BA. de bhrí go gcuireann trádáil neamhdhleathach agus trádáil dhleathach amháin san fhiadhúlra, agus úsáid an fhiadhúlra, go mór le meath na bithéagsúlachta, agus de bhrí go gcuireann scrios gnáthóg nádúrtha agus saothrú an fhiadhúlra le teacht chun cinn agus leathadh galar tógálach[1];

BB. de bhrí, de réir IPBES agus IPCC, go bhfuil bithéagsúlacht mhuirí i mbaol tromchúiseach[2]; de bhrí go bhfuil rabhaidh eisithe ag EEA faoi staid reatha dhíghrádaithe na muirthimpeallachta Eorpaí agus faoin ngá atá lenár n-éiceachórais mhuirí a athbhunú go tapa trí aghaidh a thabhairt ar thionchar ghníomhaíochtaí daonna ar an muirthimpeallacht[3]; de bhrí go bhfuil teophointí muirí amhail sceireacha coiréil, mangróibh agus ceapacha d'fhéar mara díghrádaithe go láidir agus go bhfuil siad faoi bhagairt ón athrú aeráide agus ón truailliú;

BC. de bhrí go bhfuil an t-aigéan ar cheann acu, agus go bhfuil a dhea-stádas comhshaoil ríthábhachtach chun a athléimneacht a áirithiú agus chun go leanfaidh sé de sheirbhísí éiceachórais a sholáthar, amhail ionsú $CO_2$ agus táirgeadh ocsaigine; de bhrí go mbraitheann sásraí aeráide ar shláinte éiceachórais na n-aigéan agus na mara a bhfuil tionchar ag téamh domhanda, truailliú, róshaothrú bithéagsúlachta muirí, aigéadú, dí-ocsaídiú agus creimeadh cósta orthu faoi láthair; de bhrí go meabhraíonn IPCC gur cuid den réiteach é an t-aigéan chun éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú dóibh[4];

BD. de bhrí gur ar thalamh atá 80 % den bhruscar muirí agus go bhfuil 150 tonna de phlaistigh carntha sna haigéin[5]; de bhrí go scaoiltear 80 % de shéarachas uirbeach

---

1 Achoimre do lucht ceaptha beartas ar Thuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda IBPES maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais.

2 Tuarascáil Mheasúnaithe Dhomhanda IPBES ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais agus Ionchas Domhanda Bithéagsúlachta 5.

3 Tuarascáil EEA an 25 Meitheamh 2020 dar teideal 'Marine messages II: Navigating the course towards clean, healthy and productive seas through implementation of an ecosystem-based approach' [Teachtaireachtaí muirí II: An cúrsa a stiúradh i dtreo farraigí glana sláintiúla agus táirgiúla trí chur chuige bunaithe ar éiceachóras a chur chun feidhme].

4 Tuarascáil Speisialta IPCC an 24 Meán Fómhair 2019 maidir leis an Aigéan agus an Cróisféar in Aeráid atá ag Athrú.

Ard-Stiúrthóireacht Comhshaoil an Choimisiúin, *Descriptor 10: Marine Litter* [Tuairisceoir 10: Bruscar Muirí].

isteach san fharraige; de bhrí, ag an dromchla, nach ionann mais charnach na dramhaíola atá ar snámh agus ach 1 % de na plaistigh a dhumpáiltear san fharraige[1];

BE. de bhrí gurb ionann an geilleagar gorm agus deis d'fhorbairt inbhuanaithe gníomhaíochtaí muirí agus cósta;

BF. de bhrí gur cheart tionscnaimh chomhpháirteacha idir daoine, bardais, comhlachais, gnólachtaí, institiúidí oideachais agus aon gheallsealbhóirí sochaíocha eile maidir le cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta a spreagadh;

BG. de bhrí, chun an straitéis a chur chun feidhme go rathúil, go n-éilítear comhar éifeachtach ar leibhéal AE agus ar leibhéal na mBallstát lena n-áirítear gach geallsealbhóir;

***Stádas reatha na bithéagsúlachta***

1. á chur in iúl gur geal léi straitéis nua bhithéagsúlachta AE do 2030 agus an leibhéal uaillmhéine a ghabhann léi;

2. á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, an phríomhuaillmhian chun a áirithiú go mbeidh éiceachórais uile an domhain athbhunaithe, athléimneach agus cosanta go leordhóthanach faoi 2050; á chur i bhfáth gur cheart gach iarracht a dhéanamh chun an sprioc sin a bhaint amach a luaithe is féidir;

3. á mheas gur cheart, agus an straitéis á cur chun feidhme, comhsheasmhacht a áirithiú le straitéisí eile de chuid an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, amhail an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'; á aithint a thábhachtaí atá na trí ghné den fhorbairt inbhuanaithe: an comhshaol, an geilleagar agus an tsochaí. á mheabhrú go gcuireann gné an chomhshaoil, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht agus caomhnú éiceachóras, taca faoin dá ghné eile agus gurb í sin an bonn bunúsach don fhorbairt inbhuanaithe agus do bhaint amach na SFInna;

4. á mheabhrú go bhfuil géarghá leis an bhfís mhuirí i straitéisí nua an Aontais Eorpaigh a neartú, go háirithe san obair leantach ar an gComhaontú Glas don Eoraip, ar an Straitéis Bithéagsúlachta agus ar an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc';

5. á iarraidh ar an gCoimisiún gach togra reachtach a bhunú ar mheasúnú tionchair cuimsitheach ina ndéanfaí breithniú ar éifeachtaí aonair agus carnacha an tionchar ar inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch na n-earnálacha ábhartha, ar an tslándáil bhia agus ar phraghsanna bia, agus ar an mbaol a d'fhéadfadh teacht as caillteanais na bithéagsúlachta a easáitiú go tíortha neamh-AE tríd an táirgeacht áitiúil a ionadú le hallmhairí, agus ar chostais na gníomhaíocht agus na neamhghníomhaíochta amháin ó thaobh iarmhairtí díreacha agus fadtéarmacha de;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún, chun measúnuithe tionchair a dhéanamh, an t-aon uirlis atá in úsáid faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe comhshaoil a chomhlánú le huirlisí lena scrúdaítear tionchair a bhaineann le bithéagsúlacht, le húsáid acmhainní agus le truailliú;

7. ag tabhairt dá haire, ina leith sin, trí dhíriú ag an am céanna ar thairbhí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha na foraoiseachta, gur féidir cuidiú le hathléimneacht

---

1 Ibid.

agus acmhainneacht oiriúnaitheach a áirithiú, chomh maith leis an aistriú chuig bithgheilleagar ciorclach a bhaint amach agus cosaint na bithéagsúlachta a fheabhsú; á mheas gur gá go gcuirfear san áireamh leis na spriocanna agus leis an gcur chun feidhme na dálaí beachta agus na deiseanna atá ag gach tír agus go mbeidh tionchar dearfach ar fhoraoisí, ar dhálaí foraoiseachta, ar shlite beatha i limistéir thuaithe agus ar bhithéagsúlacht na bhforaoisí in AE mar thoradh air sin;

8. ag meabhrú na gconclúidí i dtuarascáil IPBES 2019, conclúidí ar dá réir atá laghdú ag teacht ar fud an domhain ar an dúlra ar ráta nach bhfacthas a leithéid riamh i stair an duine, agus thart ar mhilliún speiceas ann atá i mbaol a ndíothaithe, as líon iomlán measta os cionn ocht milliún;

9. ag tabhairt dá haire gurb é sin an tríú straitéis maidir leis an mbithéagsúlacht lena bhfuiltear á iarraidh stop a chur le caillteanas bhithéagsúlachta an Aontais; á chur in iúl gur saoth léi, áfach, go bhfuil bithéagsúlacht in AE fós ag dul i laghad; á chur in iúl gurb oth léi go mór nach bhfuil cuspóirí na Straitéise Bithéagsúlachta go dtí 2020 ná Spriocanna Bithéagsúlachta domhanda Aichi bainte amach ag AE;

10. á chur i bhfáth nach mór don Straitéis Bithéagsúlachta do 2030 a spriocanna a bhaint amach go hiomlán; á áitiú ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh siad bearta suntasacha agus bearta breise maidir leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú chun na cuspóirí nua a bhaint amach go hiomlán, bearta ba cheart a bheith sainithe go soiléir agus a bheith intomhaiste;

11. á chur i bhfáth go bhfuil sé léirithe arís ag paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá sé prionsabal na ‘hAon Sláinte Amháin’ a chur i bhfeidhm go iomlánaíoch i gceapadh beartas, rud a léiríonn go bhfuil sláinte an duine, ainmhithe agus an comhshaol idirnasctha agus go bhfuil géarghá le hathruithe claochlaitheacha ar fud na sochaí; ag leagan béim ar an ról tábhachtach atá ag an gCoimisiún maidir le cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chomhordú in AE agus maidir le tacú leis agus é a mholadh ag na fóraim idirnáisiúnta uile; á iarraidh go ndéanfaí athmhachnamh ar bheartais reatha AE agus go ndéanfaí iad a ailíniú go práinneach agus go hiomlán leis na hathruithe is gá;

12. ag tabhairt dá haire go n-áirítear ar bhunchúiseanna paindéimeanna na hathruithe comhshaoil domhanda céanna lena spreagtar cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide[1], amhail athrú ar úsáid talún agus trádáil agus tomhaltas dleathach agus neamhdhleathach i bhfiadhúlra; á thabhairt le fios gur féidir an riosca a bhaineann le paindéimí a laghdú go suntasach trí ghníomhaíochtaí daonna a spreagann caillteanas na bithéagsúlachta agus go bhfuil an costas measta a bhaineann le riosca paindéime a laghdú 100 uair níos ísle ná an costas a bhaineann le freagairt orthu[2];

13. á áitiú ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an fhianaise eolaíoch, na tuarascálacha agus na moltaí maidir le zónóis agus paindéimí a chur san áireamh go hiomlán, lena n-áirítear tuarascáil cheardlanne IPBES maidir le cailliúint na bithéagsúlachta agus maidir le paindéimí[3], an tuarascáil ó Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe an 6 Iúil 2020 dar

---

1 Tuarascáil EEA dar teideal ‘State of Nature in the EU – Results from reporting under the nature directives 2013-2018’ [Staid an Dúlra san Aontas Eorpach – Torthaí ó thuairisciú de réir threoracha dúlra 2013-2018].

2 Thuarascáil Cheardlainne IPBES an 29 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Bithéagsúlacht agus Paindéimí.

3 Ibid.

teideal 'Preventing the next pandemic – Zoonotic diseases and how to break the chain of transmission'[1] [Cosc a chur ar an gcéad phaindéim eile – Galair zónóiseacha agus conas an slabhra tarchuir a bhriseadh], agus an nóta coincheapa trípháirteach ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), ó FAO agus ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) ó Aibreán 2010 maidir le freagrachtaí a chomhroinnt agus gníomhaíochtaí domhanda a chomhordú chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sláinte ag comhéadain éiceachórais idir ainmhithe agus daoine, chun dul i ngleic le rioscaí sláinte a bhaineann le daoine, ainmhithe agus an comhshaol[2];

14. á chur in iúl gur geal léi an t-atreisiú atá beartaithe ar ghníomhaíocht AE i gcoinne paindéimí agus bagairtí sláinte eile mar chuid d'Aontas Sláinte na hEorpa[3], lena n-áirítear plean AE a bhunú maidir le géarchéimeanna sláinte agus paindéimí mar a fhoráiltear sa togra nua ón gCoimisiún maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte[4], ar plean é ar cheart paindéimí de thionscnaimh zónóiseacha a áireamh ann;

*Cosaint agus athbhunú*

15. á chur in iúl go dtacaíonn sí go láidir le spriocanna AE maidir le 30 % ar a laghad de limistéir mhuirí agus talún AE a chosaint, lena gcumhdaítear réimse éagsúil éiceachóras amhail foraoisí, bogaigh, tailte portaigh, féarthailte agus éiceachórais chósta, agus lena gcosnaítear go docht 10 % ar a laghad de limistéir mhuirí agus talún AE, lena n-áirítear na foraoisí príomhúla agus cianaosta uile atá fós ann agus éiceachórais eile atá ar mhórán carbóin; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh na spriocanna sin ceangailteach agus gur cheart do na Ballstáit iad a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhar le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus i gcomhréir le critéir eolaíocht-bhunaithe agus le riachtanais bhithéagsúlachta, agus difríochtaí i méid agus i sciar na limistéar nádúrtha i ngach Ballstát agus i gcúinsí réigiúnacha agus áitiúla á gcur san áireamh;

16. á chur i bhfáth gur cheart do na limistéir faoi chosaint sin líonra atá comhleanúnach agus ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíochta de a chruthú, ag cur leis na limistéir chosanta atá ann cheana; á chur i bhfios go láidir nach mór cáilíocht na limistéar faoi chosaint a áirithiú, chomh maith leis na limistéir atá faoi chosaint a mhéadú, lena n-áirítear trí chistiú leordhóthanach a chur ar fáil agus pleananna caomhnaithe soiléire agus éifeachtacha a chur chun feidhme, bainistiú cuí, faireachán agus meastóireacht leordhóthanach, agus forfheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta ábhartha;

17. á mheabhrú gur cheart, de réir moltaí idirnáisiúnta ó IUCN, gníomhaíochtaí

---

[1] Tuarascáil ó Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe an 6 Iúil 2020 dar teideal 'Preventing the next pandemic – Zoonotic diseases and how to break the chain of transmission'. [Cosc a chur ar an gcéad phaindéim eile – Galair zónóiseacha agus conas an slabhra tarchuir a bhriseadh]

[2] an nóta coincheapa trípháirteach ó FAO-OIE-WHO ó Aibreán 2010 maidir le freagrachtaí a chomhroinnt agus gníomhaíochtaí domhanda a chomhordú chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sláinte ag comhéadain éiceachórais idir ainmhithe agus daoine'.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 dar teideal 'Building a European Health Union: Reinforcing the EU's resilience for cross-border health threats' [Aontas Sláinte de chuid na hEorpa a chur ar bun: Athléimneacht an Aontais a threisiú i leith bagairtí sláinte trasteorann] (COM(2020)0724).

[4] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Samhain 2020 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (COM(2020)0727).

tionsclaíocha agus forbairt bonneagair a dhéanann damáiste don chomhshaol a thoirmeasc i ngach catagóir de limistéir faoi chosaint[1];

18. á chur i bhfáth gur gá sainmhíniú soiléir a thabhairt ar chosaint dhocht; ag tabhairt dá haire conclúidí ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an mbithéagsúlacht ina luaitear go bhféadfadh leibhéal níos déine cosanta a fhágáil go bhféadfaí gníomhaíochtaí daonna áirithe a dhéanamh i gcomhréir le cuspóirí caomhnaithe an limistéir faoi chosaint; á mheas gur cheart gníomhaíochtaí daonna atá comhoiriúnach le spriocanna cosanta, nó fiú a rannchuidíonn leis an mbithéagsúlacht ar bhealach dearfach, a bheith inghlactha i limistéir atá faoi dhianchosaint; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, soiléiriú a thabhairt ar cé na cineálacha gníomhaíochtaí daonna a d'fhéadfaí a mheas mar ghníomhaíochtaí a cheadaítear faoi stádas dianchosanta nuair a fhágann siad próisis nádúrtha gan cur isteach dáiríre agus atá siad comhoiriúnach do riachtanais éiceolaíocha na limistéar, ar bhonn measúnú cás ar chás bunaithe ar an eolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil;

19. á chur i bhfios go láidir, chun cuspóirí na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030 a bhaint amach, go mbeidh gá le cosc a chur freisin ar dhíghrádú na limistéar mhuirí agus talún atá fós ann in AE; á iarraidh go ndéanfaí bearta chun aghaidh a thabhairt ar chailliúint na bithéagsúlachta lasmuigh de na limistéir faoi chosaint; ag tabhairt dá haire nach leor an dúlra agus éiceachórais a athbhunú i limistéir faoi chosaint chun cailliúint leanúnach na bithéagsúlachta agus díghrádú éiceachóras i limistéir eile a chúiteamh;

20. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé tíortha agus críocha thar lear a áireamh in iarrachtaí caomhnaithe agus athbhunaithe;

21. á mheas go bhfuil sé tábhachtach réigiúin bhithgheografacha a chur san áireamh agus cur chuige uilerialtais a ghlacadh maidir le limistéir faoi chosaint, ar cur chuige é lena ndéanfaidh na Ballstáit meastóireacht ar an ngá atá le bearta tacaíochta airgeadais agus cúitimh i gcomhthéacs ainmniú limistéar faoi chosaint; ag leagan béim ar an ngá atá le ról a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear úinéirí talún;

22. ag leagan béim ar thábhacht shuíomhanna foraoise Natura 2000 maidir leis an mbithéagsúlacht foraoise a chaomhnú; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil gá le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais chun limistéir den sórt sin a bhainistiú agus chun forfheidhmiú a áirithiú;

23. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a neartú ar bhealach cothrom ar mhaithe le sláinte, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus fadsaolaí éiceachóras foraoise agus chun ról ilfheidhmeach na bhforaoisí a chaomhnú, lena n-áirítear chun bithéagsúlacht foraoise a chothabháil, agus chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach agus an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme; ag leagan béim ar an luach a bhaineann le héagsúlacht ghéiniteach a ionchorprú i mbreithnithe plandála, toisc go gcuireann sé seo teorainn leis an mbaol ionsaithe lotnaidí agus leathadh galair, mar aon le speicis áitiúla /

[1] Moladh ó IUCN an 10 Meán Fómhair 2016 dar teideal 'Protected areas and other areas important for biodiversity in relation to environmentally damaging industrial activities and infrastructure development' Limistéir chosanta agus réimsí eile atá tábhachtach don bhithéagsúlacht i ndáil le gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus forbairt bonneagair a dhéanann damáiste don chomhshaol].

dhúchasacha;

24. á mheabhrú gur san AE atá an líonra comhordaithe is mó ar domhan de limistéir faoi chosaint;

25. ag tabhairt dá haire gur tugadh gealltanas chun a áirithiú nach dtiocfaidh meath ar threochtaí caomhnaithe agus ar stádas fabhrach na ngnáthóg agus na speiceas uile atá faoi chosaint faoi 2030 agus chun a áirithiú, ar leibhéal na mBallstát, go mbeidh 30 % ar a laghad de speicis agus gnáthóga nach bhfuil stádas fabhrach acu faoi láthair sa chatagóir sin nó go mbeidh treocht láidir dhearfach á léiriú acu; á chreidiúint, áfach, gur cheart stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach a luaithe is féidir do gach speiceas agus gnáthóg atá faoi chosaint faoi na Treoracha um Éin[1] agus um Ghnáthóga[2]; á chur i bhfáth go bhfuil oibleagáidí ann cheana chun a áirithiú nach dtiocfaidh aon mheath ar speicis; á iarraidh ar an gCoimisiún, in éineacht le LEE, bonnlíne shoiléir a leagan síos, tuairisciú comhchuibhithe agus rialta a áirithiú, agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh atá ann faoi láthair sa mhodheolaíocht le haghaidh meastacháin treochtaí;

26. á iarraidh ar na Ballstáit cáilíocht agus iomláine a gcóras faireacháin a fheabhsú do líonra Natura 2000, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na bainistíochta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá comhlachtaí speisialaithe bainistíochta agus pleananna bainistithe láithreán; á mheabhrú, de réir faisnéisiú ó LEE[3], nach bhfuil eolas ná tuiscint leordhóthanach ag cleachtóirí ar na caighdeáin éifeachtachta bainistíochta atá ann cheana; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit fothú acmhainní níos spriocdhírithe a dhéanamh agus treoir níos fearr a chur ar fáil maidir le héifeachtacht bainistíochta do mheasúnú agus d'fheabhsú bhainistíocht Natura 2000, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as caighdeáin dhomhanda le haghaidh meastóireachtaí ar éifeachtacht bainistithe limistéar faoi chosaint (PAME), amhail Liosta Glas IUCN de Limistéir faoi Chosaint agus Limistéir faoi Chaomhnú; á iarraidh ar an gCoimisiún freisin an treoir maidir le bainistíocht oiriúnaitheach ar Natura 2000 a thabhairt cothrom le dáta, rud lena mbaineann breithniú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar speicis agus ar éiceachórais;

27. á iarraidh ar na Ballstáit éagsúlacht ghéiniteach speiceas fiáin a choimirciú trí bhearta caomhnaithe leordhóthanacha;

28. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil cuspóir 2020 bainte amach ag na Ballstáit maidir le dea-stádas comhshaoil d'uiscí mara a shonraítear sa Chreat-Treoir Straitéiseach Muirí; á iarraidh ar an gCoimisiún líonra na MPAnna a neartú trí nascacht fheabhsaithe, bainistíocht fheabhsaithe, pleanáil spásúlachta níos láidre, agus meastóireachtaí agus forfheidhmiú córasach;

29. á chur in iúl gur cúis imní di staid na n-éiceachóras agus na speiceas fionnuisce; ag tabhairt dá haire, idir 1970 agus 2016, go raibh an titim san Eoraip, arbh ionann é agus

1 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú, IO L 20, 26.1.2010, lch. 7.

2 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

3 Faisnéisiú ó LEE dar teideal 'Management effectiveness in the EU's Natura 2020 network of protected areas' [Éifeachtacht bainistíochta i líonra Natura 2000 AE de limistéir faoi chosaint].

93 %[1], ar an titim ba thromchúisí ar domhan.

30. á chur i bhfios go láidir gur i limistéir foraoise atá formhór na bithéagsúlachta talún; ag tabhairt dá haire go bhfuil feabhsuithe beaga tagtha ar stádas caomhnaithe i gcás roinnt cineálacha foraoise[2], ach nach bhfuil aon chomharthaí suntasacha feabhais ann maidir le stádas caomhnaithe na ngnáthóg foraoise agus na speiceas a chumhdaítear le reachtaíocht an AE maidir leis an dúlra[3]; á chur i bhfáth gur measadh, idir 2011 agus 2020, go raibh drochstádas caomhnaithe ag beagnach aon trian d'fhoraoisí AE (31 %) agus gur measadh go raibh drochstádas caomhnaithe ag níos mó ná leath acu (54 %)[4];

31. ag leagan béim ar dhrochstádas Foraoisí Eorpacha; á chur i bhfáth, i roinnt réigiún bithgheografacha, go bhfuil stádas caomhantais fabhrach ag céatadán chomh beag le 5 % de ghnáthóga foraoise d'Iarscríbhinn I[5]; á chur i bhfios go láidir go gceanglaítear ar na Ballstáit leis an Straitéis Bithéagsúlachta a áirithiú nach dtiocfaidh meath ar threochtaí caomhnaithe agus ar stádas na ngnáthóg agus na speiceas uile atá faoi chosaint; ag tabhairt dá haire go bhfuil leibhéil shuntasacha meatha bhreise tagtha ar éiceachórais foraoise atá i stádas caomhnaithe neamhfhabhrach ar fud an chuid is mó de na réigiúin bhithgheografacha[6];

32. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur tuairiscíodh caillteanais shuntasacha speiceas agus gnáthóg foraoise; á mheabhrú go bhfuil cúig speiceas de chrainn foraoise imithe in éag san fhiadhúlra, go bhfuil 42 speiceas de chrainn foraoise i mbaol criticiúil agus go bhfuil 107 speiceas de chrainn foraoise i mbaol san Eoraip;

33. á mheas go bhfuil sé tábhachtach agus práinneach dianchosaint a áirithiú do na foraoisí príomhúla agus cianaosta uile atá fós ann; á chur i bhfáth go bhfuil prófhoraoisiú a ligeann d'fhoraoisí nádúrtha a bheith ag dul in aois bunriachtanach i ndáil le hachar dromchla na foraoise cianaosta a mhéadú; á chur in iúl gur geal léi na próisis rannpháirtíochta leanúnacha maidir le foraoisí príomhúla agus cianaosta a shainiú, a mhapáil agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu;

34. á chur i bhfios go láidir go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le foraoisí príomhúla maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus á iarraidh go ndéanfar iad a chosaint; á iarraidh, ina leith sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sainmhíniú ar fhoraoisí cianaosta a thabhairt isteach a bheadh le hullmhú ag an mBuanchoiste Foraoiseachta mar chuid de

---

1 Preaseisiúint ón World Fish Migration Foundation an 28 Iúil 2020 dar teideal 'Massive decline in migratory freshwater fish populations could threaten livelihoods of millions, warns new report' [D'fhéadfadh meath ollmhór ar dhaonraí imirceacha éisc fionnuisce slí bheatha na milliún duine a chur i mbaol, de réir rabhadh i dtuarascáil nua].

2 State of Nature in the EU – Results from reporting under the nature directives 2013-2018 [Staid an Dúlra san Aontas Eorpach – Torthaí ó thuairisciú de réir threoracha dúlra 2013-2018].

3 Tuarascáil ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2015 ar an Athbhreithniú Meántéarma ar Straitéis Bithéagsúlachta AE go dtí 2020 (COM(2015)0478).

4 State of Nature in the EU – Results from reporting under the nature directives 2013-2018 [Staid an Dúlra san Aontas Eorpach – Torthaí ó thuairisciú de réir threoracha dúlra 2013-2018].

5 Réigiún bithgheografach bodharach le 4,84 % agus an tAtlantach le 4,94 % i stádas fabhrach, de réir sonraí (2019) arna dtuairisciú de bhun Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga don tréimhse 2013-2018

6 sonraí(2019) arna dtuairisciú de bhun Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga don tréimhse 2013-2018

Straitéis Foraoise AE a bheidh ann amach anseo;

35. á iarraidh ar na Ballstáit feabhas a chur ar an reachtaíocht náisiúnta chun an chosaint ar an lománaíocht neamhdhleathach a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na sonraí atá ann cheana a chomhchuibhiú, na bearnaí maidir le suíomh na bhforaoisí príomhúla agus cianaosta a líonadh, bunachar sonraí a chruthú de na suíomhanna féideartha uile a chomhlíonann na critéir d'fhoraoisí príomhúla agus cianaosta go haisghníomhach don bhliain 2020, agus moratóir sealadach a thabhairt isteach maidir le lománaíocht na suíomhanna uile faoi seach chun a ndíothú d'aon turas a chosc agus chun stádas neamh-idirghabhála suíomhanna deimhnithe a áirithiú gan mhoill;

36. á chur in iúl gur geal léi go mór an gealltanas a tugadh togra reachtach a dhréachtú maidir le plean athbhunaithe dúlra AE, lena n-áirítear maidir le spriocanna ceangailteacha don athbhunú, agus á iarraidh athuair go mbeadh sprioc athbhunaithe ann arbh ionann í agus 30 % ar a laghad de thalamh agus d'fharraigí AE[1], sprioc ba cheart do gach Ballstát a chur chun feidhme go hiomlán ar fud a gcríche, laistigh de limistéir atá faoi chosaint agus lasmuigh díobh, ar bhonn riachtanais bithéagsúlachta agus éiceachórais, agus ag léiriú saintréithe sonracha na tíre; á chur i bhfáth gur cheart go dtógfadh spriocanna athbhunaithe ar reachtaíocht AE atá ann cheana agus gur cheart go dtacódh iarrachtaí athbhunaithe, a mhéid is féidir, le hathghiniúint nádúrtha;

37. á mheas, chomh maith le sprioc fhoriomlán don athbhunú, gur cheart go n-áireofaí sa togra reachtach maidir le plean AE athbhunaithe dúlra spriocanna a bhaineann go sonrach le héiceachórais, gnáthóga agus speicis, ar leibhéal AE agus ar leibhéal na mBallstát ar bhonn a n-éiceachóras, agus béim ar leith á leagan ar éiceachórais chun críocha déchuspóirí a bhaineann le hathbhunú na bithéagsúlachta agus le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin; á chur i bhfios go láidirgur cheart go n-áireofaí san ionstraim foraoisí, féarthailte, bogaigh, tailte portaigh, pailneoirí, aibhneacha saorshreabhaidh, limistéir chósta agus éiceachórais mhuirí; á chur i bhfáth nár cheart aon díghrádú éiceachórais a cheadú tar éis an t-athbhunú a bheith déanta; á chreidiúint nach mór measúnú a dhéanamh go rialta ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna athbhunaithe ag leibhéal na mBallstát agus ag leibhéal AE araon, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as spriocanna idirmheánacha i dtreo spriocanna 2030;

38. á chur i bhfios go láidir gur cheart dreasachtaí dearfacha agus próisis rannpháirtíochta a fhorbairt an tiomantas d'athbhunú na bithéagsúlachta a mhéadú;

39. ag leagan béim láidir ar a thábhachtaí atá sé cuspóirí AE athchóirithe dúlra a chomhtháthú go hiomlán i mbeartais agus straitéisí gaolmhara eile; á iarraidh athuair go mbeadh spriocanna ceangailteacha ann maidir le hathbhunú foraoisí[2], lena n-áirítear i dtaca le nascacht idir foraoisí a mhéadú agus a athbhunú; á iarraidh go n-áireofaí sa phlean athbhunaithe dúlra athbhunú 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha saorshreabhaidh in AE trí bhacainní a bhaint agus trí thuilte a athbhunú;

40. á chur in iúl gur ábhar mór díomá di an laghdú ar líon na bpailneoirí, atá ina bpríomhtháscaire ar shláinte an chomhshaoil; á chur i bhfáth go bhfágann an meath sin nach amháin go gcaillfear bithéagsúlacht ach go gcuirfear slándáil bia i mbaol freisin; ag athdhearbhú an tseasaimh a cuireadh in iúl sa rún uaithi maidir le Tionscnamh AE

1 Rún maidir leis an COP15 sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.
2 Rún maidir le ról AE i ndáil le foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú.

um Pailneoirí agus á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú práinneach ar an tionscnamh; á chur i bhfios go láidir gur cheart go n-áireofaí sa tionscnamh athbhreithnithe creat nua chun pailneoirí a fhaireachán ar fud an Aontais, creat lena ngabhfadh bearta stóinsithe, cuspóirí agus táscairí soiléire faoi cheangal ama, lena n-áirítear táscairí tionchair, agus an fothú acmhainní is gá;

41. ag meabhrú a agóide an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir leis an measúnú ar an tionchar a bhíonn ag táirgí cosanta plandaí ar bheacha meala [1] agus á chur in iúl gur cúis áifeála di nach bhfuil an treoirdhoiciméad ó EFSA maidir le beacha glactha go foirmiúil ag na Ballstáit; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú, leis an athbhreithniú ar an treoirdhoiciméad ó EFSA maidir le beacha agus maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme a bheidh ann amach anseo, go n-áiritheofar leibhéal cosanta a bheidh comhionann a laghad leis an leibhéal sin a leagadh síos in 2013, rud lena dtabharfar aghaidh ar ghéarthocsaineacht agus ar thocsaineacht ainsealach araon, agus ar thocsaineacht larbhaí, agus lena gcumhdófar pailneoirí fiáine freisin; ag leagan béim ar an ngá atá le trédhearcacht mhéadaithe sa phróiseas athbhreithnithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil a chóras samhaltaithe féin, ApisRAM, á dhearadh ag EFSA, córas a meastar go mbeidh sé níos mó i gcomhréir le bitheolaíocht na mbeach meala ná atá BeeHAVE agus nach mbeidh sé chomh hoscailte céanna ar choinbhleachtaí leasa;

42. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá gnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta i limistéir talmhaíochta chun rannchuidiú le bithéagsúlacht agus pailneoirí a chosaint agus a athbhunú, chomh maith le ról na mbeachairí; á chur i bhfáth go bhféadfar rannchuidiú leis na spriocanna sin trí spásanna glasa a mhéadú i limistéir uirbeacha; á iarraidh ar na Ballstáit bearta lena ndírítear ar ghrúpaí éagsúla pailneoirí a áireamh ina ndréachtphleananna straitéiseacha;

*Spreagthóirí chailliúint na bithéagsúlachta*

43. á chur i bhfios go láidir nach mór do bhearta na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030 dul i ngleic go leormhaith le gach ceann de na cúig phríomhrud a spreagann athrú sa dúlra: athruithe ar úsáid na talún agus na farraige, saothrú díreach orgánach, an t-athrú aeráide, truailliú agus speicis choimhthíocha ionracha; á chur i bhfáth gur cheart dul i ngleic freisin le bunchúiseanna an athraithe, nó le spreagthóirí indíreacha, amhail patrúin neamh-inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais, dinimic an daonra, trádáil, nuálaíochtaí teicneolaíochta agus samhlacha rialachais;

*Athruithe ar úsáid talún agus farraige;*

44. á thabhairt chun suntais go soláthraíonn bithéagsúlacht ithreach seirbhísí éiceachórais ríthábhachtacha agus go maolaíonn sí an athrú aeráide, rud a fhágann go bhfuil sí ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí de linnte carbóin talún; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, go bhfuil méadú tagtha ar an díghrádú ithreach agus go bhfuil easpa reachtaíochta sonraí AE ann i leith an ábhair sin; á aithint go bhfuil roinnt forálacha i ndlíthe éagsúla lena rannchuidítear go hindíreach le cosaint ithreach, ach á mheas go bhfuil cosaint pháirteach agus rialachas an-ilroinnte san AE mar thoradh air sin; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh chun comhchreat a

---

[1] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir leis an dréachtrialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 546/2011 maidir leis an measúnú ar thionchar táirgí cosanta plandaí ar bheacha meala (téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0041).

bhunú, agus urraim iomlán á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta, do chosaint agus d'úsáid inbhuanaithe na hithreach agus do chomhtháthú éifeachtach na cosanta sin i mbeartais ábhartha uile an Aontais;

45. á chur i bhfáth gur cheart don chomhchreat seo maidir leis an ithir aghaidh a thabhairt ar na príomhbhagairtí uile ar an ithir, lena n-áirítear cailliúint bithéagsúlachta ithreach, cailliúint ábhair orgánaigh san ithir, éilliú, salannú, aigéadú, fairsingiú fásaigh, creimeadh agus séalú ithreach; ag leagan béim ar an ngá atá le sainmhínithe coiteanna, spriocanna soiléire agus creat faireacháin a áireamh ann; ag tacú freisin le bunú sprice sonraí dí-éillithe;

46. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ithir shláintiúil, lena n-áirítear ó thaobh torthúlachta agus struchtúir de, ríthábhachtach d'earnáil na talmhaíochta; á thabhairt le fios go mbíonn tionchar diúltach ag cleachtais feirmeoireachta agus foraoiseachta neamh-inbhuanaithe, ag athrú ar úsáid talún, ag gníomhaíochtaí tógála, ag séalú agus ag astaíochtaí tionsclaíocha, i measc nithe eile, ar ithreacha; á chur i bhfáth gur cheart modhanna buainte foraoise agus modhanna talmhaíochta a chur chun feidhme nach ndéanann dochar d'ithreacha;

47. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha[1] agus ar Threoir 2006/21/CE maidir le bainistiú ar dhramhaíl ó thionscail eastóscacha[2] chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar dhíghrádú ithreach a tharlaíonn de bharr gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus mianadóireachta; á mheabhrú gur iarr sí go mbeadh sprioc athghabhála ábhair ann d'ithreacha tochailte[3];

48. ag tathant ar na Ballstáit – ar bhonn phrionsabal an réamhchúraim agus an phrionsabail gur cheart bearta coisctheacha a dhéanamh, agus aird á tabhairt ar na rioscaí agus ar na tionchair dhiúltacha ar an aeráid, ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht a bhaineann le scoilteadh hiodrálach chun hidreacarbóin neamhghnácha a eastóscadh – gan aon oibríochtaí scoilte hiodrálacha nua in AE a údarú agus chun stop a chur le gach oibríocht atá ann cheana;

49. á mheabhrú go bhfuil gealltanas tugtha ag an Aontas neodracht díghrádaithe talún[4] a bhaint amach faoi 2030 faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun Fairsingiú Fásaigh a Chomhrac (UNCCD), ach nach dócha go mbainfear an sprioc sin amach, amhail mar atá sa chonclúid sa tuarascáil speisialta ó CIE[5]; á chur in iúl gur oth léi, in

1 Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

2 Treoir 2006/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE (IO L 102, 11.4.2006, lch. 15).

3 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach (téacsanna a glacadh, P9_TA(2021)0040).

4 Tá neodracht díghrádaithe talún sainithe ag na Páirtithe i UNCCD mar seo a leanas: Staid a bhfágann, maidir le méid agus cáilíocht na n-acmhainní talún, atá riachtanach chun tacú le feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais agus chun slándáil bia a fheabhsú, go bhfanann siad cobhsaí nó go n-ardaíonn siad laistigh de scálaí agus éiceachórais ama agus spásúla sonraithe.

5 Tuarascáil speisialta ó CIE an 18 Nollaig 2018 dar teideal 'Combating desertification in the EU: a growing threat in need of more action' [Ag comhrac i gcoinne fairsingiú

ainneoin na bagartha a chuireann fairsingiú fásaigh ar an mbithéagsúlacht, ar thorthúlacht na hithreach, ar athléimneacht nádúrtha na talún, ar tháirgeadh bia agus ar cháilíocht uisce, agus in ainneoin go bhfuil sé dearbhaithe ag 13 Bhallstát faoi UNCCD go mbíonn tionchar ag fairsingiú fásaigh orthu, nach bhfuil an Coimisiún ag tabhairt aghaidh air sin ar bhealach éifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a bheith níos uaillmhianaí agus straitéis ar leibhéal AE maidir le fairsingiú fásaigh agus díghrádú talún a thíolacadh gan mhoill;

50. ag tabhairt dá haire gurb ionann gníomhaíochtaí uirbithe agus fóillíochta in AE agus 13 % de na brúnna uile a tuairiscíodh maidir leis an dúlra, agus 48 % de na brúnna muirí uile a tuairiscíodh[1]; á thabhairt chun suntais gur féidir le limistéir uirbeacha ghlasa agus bonneagar glas seirbhísí éiceachórais a chur ar fáil chun tacú leis an mbithéagsúlacht agus chun rannchuidiú le dea-bhail fisiceach agus meabhrach an phobail;

51. ag tacú leis an méid atá ar intinn ag an gCoimisiún chun ardán AE le haghaidh glasú uirbeach a bhunú; á iarraidh an gCoimisiún spriocanna ceangailteacha uaillmhianacha sonracha a leagan síos maidir le bithéagsúlacht uirbeach, réitigh atá bunaithe ar an dúlra agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais, agus maidir le bonneagar glas, rudaí a rachaidh chun tairbhe don duine agus don fhiadhúlra araon agus a rannchuidfidh leis na spriocanna foriomlána bithéagsúlachta; a chur i bhfáth gur gá bearta a chur san áireamh, amhail sciar íosta de dhíonta glasa ar fhoirgnimh nua, rud lena dtacófaí le feirmeoireacht uirbeach, lena n-áirítear úsáid crann torthaí, i gcás inarb iomchuí, lena áiritheofaí nach n-úsáidfí aon lotnaidicídí ceimiceacha agus go ndéanfaí úsáid leasachán a laghdú i limistéir ghlasa uirbeacha san Aontas, agus lena méadófaí líon na spásanna glasa de réir líon na n-áitritheoirí, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar neamhionannais maidir le rochtain ar spásanna glasa; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, ina theannta sin, conairí éiceolaíocha talún agus muirí a leathnú i limistéir uirbeacha, lena n-áirítear trí Ghréasán Tras-Eorpach do Bhonneagar Glas (TEN-G) a fhorbairt a mbeadh nasc aige le Gréasán Tras-Eorpach Dúlra (TEN-N);

***Saothrú díreach ar orgánaigh***

52. á chur in iúl go dtacaíonn sí le spriocanna 2030 maidir le 25 % ar a laghad de thalamh talmhaíochta a thabhairt faoi bhainistiú feirme orgánaí, rud ba cheart a mhéadú sa mheántéarma go dtí an fadtéarma; á chur in iúl, ina theannta sin, gur geal léi go mór an sprioc maidir lena áirithiú gur gnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta a bheadh in 10 % ar a laghad den talamh talmhaíochta, ar sprioc í ba cheart a chur chun feidhme ar leibhéal iomchuí chun nascacht éiceolaíoch a sholáthar do ghnáthóga ar fud na tírdhreacha saothraithe agus eatarthu; á chur i bhfáth gur cheart an dá sprioc a ionchorprú i reachtaíocht AE agus gur cheart do gach Ballstát iad a chur chun feidhme, faoi chuimsiú phleananna straitéiseacha an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) freisin;

53. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, de réir thuarascáil CIE maidir leis an mbithéagsúlacht ar thalamh feirme in AE, go bhfuil laghdú leanúnach ag teacht ar líon agus ar éagsúlacht na speiceas atá ar thalamh feirme; á chur in iúl gur oth léi nár leagadh síos spriocanna agus gníomhaíochtaí intomhaiste le haghaidh talmhaíochta i

---

fásaigh san Aontas: bagairt atá ag dul i méid agus a dteastaíonn tuilleadh gníomhaíochta ina leith].

1 State of Nature in the EU – Results from reporting under the nature directives 2013-2018 [Staid an Dúlra san Aontas Eorpach – Torthaí ó thuairisciú de réir threoracha dúlra 2013-2018].

Straitéis Bhithéagsúlachta AE go dtí 2020, rud a fhágann go bhfuil sé deacair measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar; á mheabhrú nach rabhthas in ann brath ar an rianú ar chaiteachas CBT ar an mbithéagsúlacht agus go raibh easpa comhordaithe idir beartais agus straitéisí AE, easpa arbh é toradh amháin a bhí uirthi nach dtugann na beartais agus straitéisí sin aghaidh ar an meath ar an éagsúlacht ghéiniteach[1]; á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí ó CIE maidir le bithéagsúlacht ar thalamh feirme a leanúint agus tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh sa Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030[2];

54. á chur i bhfáth go bhfuil an bhithéagsúlacht bunriachtanach chun an tslándáil bia a choimirciú in AE; ag leagan béim ar an ról tábhachtach atá ag earnáil talmhaíochta AE i dtáirgeadh bianna folláine, sábháilte agus inacmhainne; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ról lárnach ag feirmeoirí i ndáil le rath na straitéise sin agus gur cheart an straitéis sin a ailíniú le bearta, cuspóirí agus spriocanna na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc';

55. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí talmhaíocht AE a athrú ó bhonn chun go mbeidh sí inbhuanaithe agus chun ardchaighdeáin leasa ainmhithe a áirithiú, i gcomhréir leis na haistrithe éiceolaíocha agus aeráide, agus úsáid íoslaghdaithe á baint as ionchur iontaise agus ceimiceach agus as cóireálacha antaibheathach; á chur i bhfáth gur cheart go ranncuideodh an talmhaíocht leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú;

56. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach, i bhfianaise na dtionchar socheacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann, go bhfaighidh feirmeoirí tacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht eacnamaíoch, agus oiliúint i ndáil leis an aistriú chuig córais talmhaíochta inbhuanaithe chun cleachtais agra-éiceolaíocha agus cleachtais inbhuanaithe nuálacha eile a chur chun cinn; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé tacaíocht airgeadais atá sainithe go maith agus leordhóthanach a áirithiú, lena n-áirítear faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil, chun cuidiú leis na cuspóirí sin a bhaint amach, agus á iarraidh ar na Ballstáit, i ndáil leis sin, pleananna straitéiseacha CBT agus a chomhpháirteanna glasa a úsáid chun na gcríoch sin, agus réitigh a bheidh chun tairbhe do chosaint na bithéagsúlachta á bhforbairt ag an am céanna;

57. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis a fhorbairt chun tacú le slabhraí luacha áitiúla maidir leis na spriocanna atá beartaithe a bhaint amach agus á chur i bhfáth go dteastaíonn tacaíocht shonrach ó ghnólachtaí talmhaíochta ar mhionscála chun rannchuidiú leis an straitéis;

58. á chur in iúl gur díol sásaimh di go n-aithnítear an fheirmeoireacht orgánach mar cheann de na comhpháirteanna láidre ar chonair AE i dtreo córas bia níos inbhuanaithe, eadhon i ndáil le hábhair imní maidir leis an mbithéagsúlacht, agus i mbaint amach na gcuspóirí beartais phoiblí maidir le forbairt eacnamaíoch, fostaíocht tuaithe, cosaint an chomhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an plean gníomhaíochta Eorpach d'fheirmeoireacht orgánach ó thaobh glacadh na feirmeoireachta orgánaí;

1 Tuarascáil Speisialta ó CIE am 5 Meitheamh 2020 dar teideal 'Biodiversity on farmland: CAP contribution has not halted the decline' [Bithéagsúlacht ar thalamh talmhaíochta: Níor chuir rannchuidiú CBT stop leis an meath], 2020;

2 Idem.

59. á chur i bhfios go láidir nach mór forbairtí margadhthiomáinte agus an tslabhra soláthair agus bearta lena spreagtar an t-éileamh ar bhia orgánach a bheith ag gabháil le forbairt an táirgthe bia orgánaigh, lena n-áirítear trí sholáthar poiblí agus raon leathan beart um chur chun cinn, taighde, nuálaíocht, oiliúint agus aistriú eolais eolaíoch, lena n-dírítear ar thacú le cobhsaíocht mhargadh na dtáirgí orgánacha agus le híocaíocht cothrom d'fheirmeoirí agus lena gcuirtear bearta chun cinn a thacaíonn le feirmeoirí orgánacha óga; á thabhairt chun suntais gur gá an slabhra bia orgánach ina iomláine a fhorbairt chun lamháil do phróiseáil agus do dháileadh tháirgí orgánacha AE ar an leibhéal áitiúil;

60. ag tabhairt dá haire go rannchuideoidh na Ballstáit ar bhealach éagsúil leis na spriocanna uile-Aontais sin ag brath ar leibhéal forbartha a n-earnálacha orgánacha agus, dá bhrí sin, á iarraidh go ndéanfaí spriocanna náisiúnta a shainiú; ag tabhairt chun suntais nach mbainfear na spriocanna sin amach gan tacaíocht láidir airgeadais, cláir láidre oiliúna agus seirbhísí comhairleacha; á iarraidh ar na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha CBT a mhúnlú dá réir sin agus á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh na Pleananna Straitéiseacha sin in ann don chúram;

61. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé cur chuige comhchoiteann a spreagadh agus leas a bhaint as a éifeacht iolraitheora chun gníomhaíochtaí na Straitéise Bithéagsúlachta a chur chun cinn, agus á iarraidh ar an gCoimisiún fiontair ghaolmhara, amhail comharchumainn agraibhia, a chur chun cinn agus tacú leo i gcur chun feidhme beart chun an bhithéagsúlacht a chosaint ar bhealach comhchoiteann;

62. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh ról lárnach ag CBT maidir le bithéagsúlacht talún feirme a chosaint agus a chur chun cinn, mar aon le beartais eile den Chomhaontú Glas don Eoraip; á chur in iúl gur oth léi nach raibh CBT éifeachtach chun an meath atá ag teacht ar an mbithéagsúlacht leis na deicheanna de bhlianta a aisiompú; á mheabhrú go mbraitheann táirgiúlacht agus athléimneacht talmhaíochta ar an mbithéagsúlacht, atá bunriachtanach chun inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach ár gcóras bia agus ár slándála bia a ráthú; á mheas nárbh ionann na hathruithe beaga a tugadh isteach leis na hathchóirithe éagsúla ar CBT agus comhartha láidir d'fheirmeoirí chun a gcleachtais a athrú agus á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil gá le hathrú suntasach bunaithe ar thaithí agus ar an méid atá á thuar i ndáil le géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta;

63. ag athdhearbhú gur cheart do CBT a bheith go hiomlán comhsheasmhach le spriocanna méadaithe aeráide agus bithéagsúlachta AE; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit pleananna straitéiseacha faoi CBT a úsáid chun cuspóirí Straitéis Bhithéagsúlachta 2030 agus Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc' a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le cur chuige atá fabhrach don bhithéagsúlacht agus agrai-éiceolaíoch a phríomhshruthú, agus ag tathant ar na Ballstáit bonnlínte uaillmhianacha a shocrú maidir le hinbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht agus caighdeáin choinníollachta á mbunú agus chun forbairt uaillmhianach agus glacadh bearta gan mhoill a áirithiú, go háirithe éiciscéimeanna agus bearta agra-chomhshaoil-aeráide; á chur i bhfáth gur cheart acmhainní airgeadais leordhóthanacha a chur ar leataobh le haghaidh athchóirithe; á iarraidh ar na Ballstáit cur leis na moltaí ón gCoimisiún chun na críche sin;

64. á iarraidh ar na Ballstáit na bearta riachtanacha a fhorbairt maidir le gnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta, go háirithe faoina bpleananna straitéiseacha CBT, agus úsáid á baint, mar shampla, as fálta nó stiallacha maoláin, ar cheart é a bheith d'aidhm acu freisin idirnascacht éiceolaíoch idir gnáthóga agus cruthú conairí glasa a chur chun cinn;

65. á chur i bhfáth an gá leis an gcreat faireacháin laistigh de CBT a neartú, lena n-áirítear trí tháscairí níos iontaofa a fhorbairt chun a thionchar a thomhas; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an tionchar comhiomlán a mheastar a bheidh acu nuair a bheidh na pleananna náisiúnta straitéiseacha formheasta; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcás ina mheastar leis an anailís sin nach leor na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh amhail iarraidh ar na Ballstáit a bpleananna straitéiseacha a leasú nó an Rialachán maidir le Plean Straitéiseach CBT a athbhreithniú mar chuid den athbhreithniú meántéarma;

66. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá aistí bia cothroma; á mheas gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit glacadh aistí bia folláine agus cothroma a éascú, agus fós bearta iomchuí a thabhairt isteach chun cúnamh a thabhairt d'fheoirmeoirí san aistriú seo, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá ann inbhuanaitheacht eacnamíoch fheirmeacha AE a choimirciú;

67. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil táirgeadh agus tomhaltas talmhaíochta á ndíriú níos mó agus níos mó ar raon teoranta barr talmhaíochta, agus laistigh díobh sin, ar chineálacha agus géinitíopaí teoranta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil feabhsú agus caomhnú na hathraitheachta géinití trí mheáin nádúrtha fíorthábhachtach do chur chun cinn éagsúlacht na n-éiceachóras talmhaíochta agus do chaomhnú acmhainní géiniteacha áitiúla, go háirithe mar stóras réiteach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil agus aeráide; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé na pórtha áitiúla agus na cineálacha is oiriúnaí do na héiceachórais áitiúla a úsáid;

68. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh an féidir le forbairt chuntasaíocht an chaipitil nádúrtha an saothrú agus an tionchar ar éiceachórais a theorannú agus a réasúnú agus, dá bhrí sin, rannchuidiú le cailliúint bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú; á chur in iúl gur cúis amhrais di, áfach, a indéanta atá sé luach an dúlra a thomhas go cruinn i dtéarmaí cainníochtúla agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil luach intreach ag an dúlra; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir leis an tionscnamh idirnáisiúnta cuntasaíochta caipitil nádúrtha a d'fhéadfadh a bheith ann;

69. á iarraidh ar na Ballstáit na bearta riachtanacha a fhorbairt faoina bPleananna Straitéiseacha CBT chun limistéir atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de a chur chun cinn, lena n-áirítear gnéithe tírdhreacha, chun achar 10 % ar a laghad de limistéir ardéagsúlachta a bhaint amach a rachadh chun tairbhe don bhithéagsúlacht, mar shampla fálta sceach, stiallacha maoláin, limistéir nach n-úsáidtear aon cheimiceáin iontu agus talamh branair shealadach, chomh maith le talamh feirme fairsing atá tiomnaithe don bhithéagsúlacht ar bhonn fadtéarmach, agus idirnascacht idir gnáthóga agus cruthú conairí glasa a chur chun cinn a mhéid is féidir chun an acmhainneacht don bhithéagsúlacht a uasmhéadú;

70. ag tabhairt dá haire gur féidir le táirgeadh fionnaidh, lena mbaineann coimeád na mílte ainmhithe neamhcheansaithe de ghéinitíopa comhchosúil i ndlúthghaireacht dá chéile faoi dhálaí strusmhara ar bhonn ainsealach, leas ainmhithe a chur i mbaol go suntasacha agus go ndéantar a soghabhálacht i leith galair tógálacha lena n-áirítear zónóisí a mhéadú, mar a tharla le COVID-19 i ndáil le minceanna;

71. á chur in iúl gurb oth léi nár baineadh amach tiomantas an Aontais an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) a urramú go hiomlán faoi 2020, ar príomhchuspóir de chuid an

chomhbheartais iascaigh (CBI) é; á chur i bhfáth gur cheart gach líon éisc a thabhairt ar ais chuig leibhéil atá os cionn na leibhéal sin atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh agus prionsabal an réamhchúraim á urramú ag an am céanna, á áirithiú go léiríonn siad dáileadh aoise agus méide a léiríonn stoc sláintiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gealltanas a thabhairt maidir le hathshlánú iomlán na ngnáthóg muirí agus na stoc éisc i ndáil le huastáirgeacht inbhuanaithe agus úsáid á baint as cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh gan mhoill, feabhas a chur ar roghnaíocht agus ar mharthanas speiceas nach spriocspeicis iad, agus tionchar na n-iascach ar éiceachórais mhuirí a laghdú agus an cur chuige sin á chur chun feidhme, lena n-áirítear trí shrian a chur ar chleachtais nó ar úsáidí a bhfuil tionchair dhíobhálacha acu;

72. á mheabhrú, de réir an Rialacháin maidir le Bearta Teicniúla nua[1], nach mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2020, agus, i gcásanna ina bhfuil fianaise ann nár comhlíonadh na cuspóirí agus na spriocanna, go bhféadfaidh an Coimisiún bearta a mholadh;

73. á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar dhíghrádú aigéin, ar eotrófú agus ar aigéadú trí phlean gníomhaíochta uaillmhianach a thíolacadh chun éiceachórais mhuirí a chosaint agus acmhainní iascaigh a chaomhnú; á mheas gur cheart gach beart, lena n-áirítear reachtaíocht, a ghlacadh chun an tionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus gníomhaíochtaí eile ar ghnáthóga muirí a laghdú;

74. á chur i bhfáth go bhfuil sé fíorphráinneach go mbunófaí limistéir téarnaimh stoc éisc nó limistéir chosanta ar aon asbhaint chun gur féidir téarnamh teacht ar líon na n-iasc, lena n-áirítear limistéir iasclainne agus láithreacha sceite; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus gníomhaíochtaí eastóscacha eile i limistéir chosanta ar aon asbhaint;

75. ag tacú go láidir leis an gcuspóir maidir le neamhfhulaingt ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe (NNN); á chur i bhfios go bhfuil tionchar an-diúltach ag iascaireacht NNN ar staid na stoc, éiceachórais mhuirí, an bhithéagsúlacht agus iomaíochas iascairí AE; á iarraidh go mbeidh níos mó comhsheasmhachta idir beartais trádála agus iascaigh AE chun a áirithiú go ndéanfar iascaireacht NNN a chomhrac go héifeachtach;

76. á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige éiceachórais a bhunú i leith na nithe go léir a spreagann cailliúint na bithéagsúlachta muirí, cur chuige lena gcuirfear san áireamh an brú a chuireann an iascaireacht ar stoic, ar bhithéagsúlacht agus ar éiceachórais mhuirí, ach tosca eile freisin, amhail truailliú agus an t-athrú aeráide, loingseoireacht, úsáidí cósta agus úsaidí gar don chladach, lena n-áirítear trí mheasúnuithe tionchair ar an éiceachóras ar ghníomhaíochtaí mara eile, agus cumas na n-éiceachóras rannchuidiú le maolú agus oiriúnú athraithe aeráide agus idirghníomhaíochtaí creiche-creachadóra á chur san áireamh;

77. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta a ghlacadh d’fhonn forbairt agus cur chun feidhme modhanna leasa níos airde a chur chun cinn maidir le hiasc a

[1] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus le héiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

ghabháil, a thabhairt i dtír agus a mharú ar bhonn na heolaíochta is fearr atá ar fáil;

78. á mheas go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh cleachtais feirmeoireachta éisc inbhuanaithe agus bunaithe ar leas éisc ard; á chreidiúint gur cheart an táirgeadh dobharshaothraithe a bheith bunaithe ar mhodhanna inbhuanaithe táirgthe, amhail modhanna fairsinge agus úsáid algaí, débhlaoscaí, córas feirmeoireachta linne agus dobharshaothrú murlaigh, lenar féidir feidhmeanna agus seirbhísí tábhachtacha éiceachórais a chur ar fáil, lena n-áirítear gnáthóga bogaigh a chothabháil, agus an brú ar acmhainní agus ar bhithéagsúlacht a laghdú, chomh maith le hastaíochtaí carbóin níos ísle a bheith ann agus cothú a chur ar fáil; á chur in iúl gur cúis imní di gabháil éisc arb é an t-aon chuspóir atá leis ná éisc feirme feoiliteach a bheathú agus á mheas gur cheart deireadh a chur de réir a chéile leis an gcleachtas gabhála éisc sin agus roghanna eile inbhuanaithe a chur ina ionad; á thabhairt chun suntais an gá atá lena áirithiú go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le dobharshaothrú soiléir agus gur féidir iad a chur chun feidhme ina n-iomláine; á iarraidh ar an gCoimisiún a threoir maidir leis an dobharshaothrú agus láithreáin Natura 2000 a thabhairt cothrom le dáta más gá;

79. ag tabhairt dá haire, agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di, go bhfuil suaitheadh fisiciúil forleathan ar ghrinneall na farraige fós in uiscí chósta AE, go háirithe mar thoradh ar thrálaeireacht ghrinnill[1], atá sainaitheanta ag EBT mar an cineál trealaimh a chuireann an chuid is mó le leibhéil bhliantúla aischuir agus a bhfuil tionchar an-dochrach aige ar ghrinneall na farraige ag brath ar an iascach agus ar shaintréithe na limistéar iascaigh[2]; á mheabhrú go bhfuil an trálaeireacht ghrinnill ar cheann de na cineálacha trealaimh iascaireachta is coitianta san Aontas[3]; ag meabhrú an ceanglas atá ann faoi láthair gur gá scor den iascaireacht le gléas grinnill faoi bhun 400 m i limistéir arb eol, nó inar dócha, go bhfuil éiceachórais mhuirí leochaileacha iontu; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfear Rialachán (AE) 2016/2336[4] chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, lena n-áirítear i ndáil le tuláin ghrinnill; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún, de réir teorainneacha sa Mheánmhuir[5], teorainn a chur, i gcás inar gá sin chun éiceachórais chósta a chosaint, ar úsáid trálaeireachta grinnill i limistéir eile chósta, lena n-áirítear ina phlean gníomhaíochta atá le teacht chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint, chun na cleachtais is inbhuanaithe agus a dhéanann an damáiste is lú a áirithiú;

80. á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfí san áireamh i bpleananna bainistithe iascaigh

[1] Tuarascáil EEA dar teideal ‘Marine Messages II’ [‘Teachtaireachtaí Muirí II’], leathanach 34.

[2] Páipéar Teicniúil EBT maidir le hIascaigh agus Dobharshaothrú an 19 Feabhra 2019 dar teideal ‘A third assessment of global marine fisheries discards’ [‘An tríú measúnú ar ábhar iascaigh aischurtha domhanda’].

[3] Tuarascáil Speisialta ó CIE dar teideal ‘Biodiversity on farmland: CAP contribution has not halted the decline’ [‘Bithéagsúlacht ar thalamh talmhaíochta: Níor chuir rannchuidiú CBT stop leis an meathlú’].

[4] Rialachán (AE) 2016/2336 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002 ón gComhairle (IO L 354, 23.12.2016, lch. 1).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistíochta i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94.

torthaí na staidéar eolaíoch maidir le tionchar cleachtas iascaireachta ar speicis, gnáthóga, bithéagsúlacht na n-aigéan agus timpeallachtaí muirí, agus go rannchuideoidís le réitigh chun na tionchair dhiúltacha a shainaithnítear a chur i gceart, lena n-áirítear teorainn a chur lena n-úsáid nó réitigh teicneolaíochta nua maolaithe a thabhairt isteach; á chur i bhfáth thairis sin gur cheart foghabhálacha de speicis íogaire a dhíothú nó a laghdú go leibhéal a cheadaíonn téarnamh iomlán agus gur cheart damáiste do ghnáthóga ghrinneall na farraige a íoslaghdú;

81. á iarraidh ar an gCoimisiún sainmhíniú ar olltrálaeir a dhéanamh agus breithniú a dhéanamh ar bhearta lena sriantar a ngníomhaíochtaí in uiscí an AE, go háirithe lena dtoirmeasctar a ngníomhaíochtaí i limistéir faoi chosaint;

82. á mheas go bhfuil sé fíor-riachtanach go mbunófaí dea-chomhar le tríú tíortha, go háirithe le tíortha comharsanachta, lena n-áirítear faireachán ar acmhainní iascaigh in uiscí lasmuigh den Aontas a chur chun cinn ar bhealach coibhéiseach chun éiceachóras sláintiúil a áirithiú i ngnáthóga muirí thar theorainneacha;

83. á mheabhrú go gcuireann CBI agus an Rialachán um Rialú ar Iascach[1] creat rialála ar fáil don Aontas Eorpach le huirlisí sonracha le haghaidh iascaigh; á chur in iúl gur gá inbhuanaitheacht shocheacnamaíoch a áirithiú d’iascairí a bhfuil tionchar ag an aistriú chuig cleachtais éiceolaíocha laistigh den gheilleagar gorm orthu, lena n-áirítear maidir le riachtanais oiliúna a bhaineann leo; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé maoiniú leordhóthanach a áirithiú chun na gcríoch sin ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus ó Fhís Eorpach;

84. á iarraidh ar an gComhairle gach doiciméad a bhaineann leis na rialacháin a glacadh maidir le gabhálacha iomlána incheadaithe a chur ar fáil don phobal go réamhghníomhach, i gcomhréir le moladh an Ombudsman Eorpaigh i gcás 640/2019/FP;

85. á mholadh go mbailítear sonraí ar bhonn leanúnach d’fhonn meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar na critéir inbhuanaitheachta agus d’fhonn cosc a chur ar limistéir iascaireachta a bhunú inar aimsíodh go bhfuil éiceachórais mhuirí leochaileacha ann;

86. á áitiú nach mór caomhnú agus athchóiriú comhshaoil a bheith mar thosaíocht do limistéir chosanta agus nár cheart go mbainfí an bonn den sprioc sin le haon ghníomhaíocht sna réimsí sin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit toirmisc a chur ar ghníomhaíocht díobhálach an duine laistigh de limistéir mhuirí faoi chosaint; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar aghaidh i bpleananna spáis náisiúnta muirí ar íogaireacht speiceas agus gnáthóg i leith brú daonna i ngach limistéar farraige;

87. á chur i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le limistéir mhuirí faoi chosaint atá ann cheana a neartú agus a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe i gcás na dteophointí bithéagsúlachta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit pleananna bainistíochta sonracha a tharraingt suas, mar ábhar tosaíochta, do na réimsí sin, ar pleananna iad lena mbunaítear cuspóirí soiléire caomhnaithe agus bearta éifeachtacha faireacháin, faireachais agus rialaithe; ag tathant, go háirithe, ar na Ballstáit forbairt agus tíolacadh moltaí comhpháirteacha a bhrostú maidir le bainistiú iascaigh ina

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d’fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

limistéir mhuirí faoi chosaint faoi Airteagal 11 CBI; á mheas gur cheart éifeachtaí an athraithe aeráide ar speicis mhuirí a chur san áireamh go hiomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, i gcomhar leis na Ballstáit, critéir agus treoir a chur chun cinn chun pleanáil iomchuí a dhéanamh maidir le bainistiú na limistéir mhuirí faoi chosaint ainmnithe, lena n-áirítear i gconairí éiceolaíocha, bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil, agus comhar idir na Ballstáit a éascú;

88. á iarraidh ar an gCoimisiún gan limistéir mhuirí faoi chosaint a áireamh i spriocanna idirnáisiúnta go dtí go mbainistítear go hiomchuí iad;

89. á mheas gur cheart na limistéir mhuirí nua faoi chosaint a áireamh i gcreat Natura 2000 agus nascacht éiceolaíoch a chur chun cinn;

90. á thabhairt chun suntais, nuair a éiríonn le MPAnna, go mbaineann tairbhí suntasacha socheacnamaíocha leo, go háirithe do phobail chósta agus d'earnáil an iascaigh agus na turasóireachta, agus gur féidir le limistéir mhuirí faoi chosaint príomhfheidhmeanna éiceolaíocha a dhéanamh chun stoic éisc a atáirgeadh agus chun a n-athléimneacht a fheabhsú;

91. á chur i bhfios go láidir nach mór Straitéis Foraoise nua AE a ailíniú leis an Dlí Aeráide Eorpach agus an Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030, agus a bheith comhsheasmhach leo; ag cur béim ar an ngá atá le Straitéis Foraoise iomlánaíoch agus comhsheasmhach de chuid an Aontais lena bhfeabhsófaí ról ilfheidhmeannach na bhforaoisí agus na hearnála foraoisbhunaithe in AE agus lena gcuirfí chun cinn sochair chomhshaoil, shochaíocha, eacnamaíocha fhadiarmhartacha na bhforaoisí agus fós cuspóirí aeráide agus comhshaoil AE a urramú go hiomlán; ag cur béim ar an ngá atá le tosaíochtaí soiléire a leagan síos agus cosaint na haeráide agus na bithéagsúlachta mar chuspóirí lárnacha agus idirnasctha i Straitéis Foraoise nua AE; á iarraidh go n-áireofar sa phlean maidir le hathchóiriú an dúlra spriocanna sonracha ceangailteacha chun éiceachórais foraoise a athchóiriú agus a chosaint ina dhiaidh sin, ar spriocanna iad ba cheart a ionchorprú i Straitéis Foraoise AE; á mheas gur cheart na himthosca éagsúla ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal na mBallstát a chur san áireamh;

92. ag athdhearbhú a seasaimh, dar dáta an 8 Deireadh Fómhair 2020, maidir le Straitéis Foraoise AE, i.e. gur cheart an straitéis a bheith ina nasc idir beartais foraoiseachta agus agrafhoraoiseachta náisiúnta agus cuspóirí AE a bhaineann le foraoisí agus agrafhoraoisí, agus fós a aithint gur gá an inniúlacht náisiúnta a urramú agus gur gá rannchuidiú le mórspriocanna AE; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur gá, i Straitéis Foraoise AE, prionsabal na comhréireachta a urramú agus aitheantas a thabhairt d'inniúlacht an Aontais i réimse chosaint an chomhshaoil, agus á mheabhrú gurb amhlaidh, faoi Airteagal 191 CFAE, a chaithfidh beartas AE maidir leis an gcomhshaol rannchuidiú, i measc cuspóirí eile, le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus le húsáid stuama agus réasúnach acmhainní nádúrtha; á mheabhrú go bhfuil tionchar ag roinnt píosaí reachtaíochta AE ar fhoraoisí agus ar bhainistiú foraoisí;

93. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit na caighdeáin is airde cosanta comhshaoil a áirithiú d'fhoraoisí ina mbeartais inmheánacha agus sheachtracha;

94. á chur i bhfáth gur cheart Straitéis Foraoise nua an Aontais bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé bainistiú

inbhuanaithe ar fhoraoisí a neartú ar bhealach cothrom ar mhaithe le sláinte, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus fadsaolaí éiceachóras foraoise agus ar mhaithe le ról ilfheidhmeach na bhforaoisí a chaomhnú; ag tabhairt dá haire go bhfuil foraoisí a choimirciú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe bunriachtanach dár bhfolláine, óir is iontu a dhéantar gníomhaíochtaí chun leasa an phobail i réimse na fóillíochta agus na sláinte agus freisin i réimse an oideachais, agus ag aithint go ndéanann bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí cosaint na bithéagsúlachta foraoise in AE a chur chun cinn; ag meabhrú gur gheall an tAontas agus a Bhallstáit sainmhíniú agus prionsabail an bhainistithe inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur i bhfeidhm;

95. á chur i bhfios go láidir an ról atá ag foraoisí maidir le cur le spriocanna aeráide AE; á mheas gur cheart tosaíocht a thabhairt d’úsáid chiorclach agus chascáideach d’acmhainní foraoise agus acmhainní eile bithmhaise nach gcuireann isteach ar chosaint agus ar ghníomhaíocht athbhunaithe a bhfuil bonn eolaíoch fúthu agus ar ghníomhaíocht ar son na haeráide; á mheas gur sampla maith amháin é adhmad a úsáid mar ábhar tógála;

96. ag cur béim ar an ríthábhacht a bhaineann le bearta agrafhoraoiseachta agus foraoisithe CBT agus ag spreagadh leanúnachas na mbeart foraoiseachta, i gcomhréir le Straitéis Foraoise AE;

97. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá éiceachórais foraoise shláintiúla agus athléimneacha, lena n-áirítear fauna agus flora, i gcothabháil agus feabhas a chur ar sheachadadh na n-ilsheirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn foraoisí, amhail an bhithéagsúlacht, aer glan, uisce, ithir shláintiúil, agus amhábhair adhmaid agus neamhadhmaid; á chur i bhfios nach bhféadfar spriocanna AE maidir leis an gcomhshaol, an aeráid agus an bhithéagsúlacht a bhaint amach choíche gan foraoisí ná foraoiseacht atá ilfheidhmeach, sláintiúil agus bainistithe go hinbhuanaithe le dearcadh fadtéarmach;

98. á chur i bhfios gur gá cur chuige comhleanúnach a fhorbairt chun cosaint na bithéagsúlachta agus cosaint aeráide a thabhairt le chéile le hearnáil rathúil fhoraoisbhunaithe agus le bithgheilleagar inbhuanaithe;

99. ag aithint go bhfuil ról ag baint le hadhmad ó fhoraoisí atá bainistithe go inbhuanaithe agus táirgí adhmaid a úsáid chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh CO2 de agus le forbairt an bhithgheilleagair chiorclaigh;

100. á chur i bhfios go láidir gur gá rialacha AE maidir le húsáid na bithmhaise i gcomhair táirgeadh fuinnimh a athbhreithniú agus a ailíniú le cuspóirí na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030 agus leis an Dlí Aeráide Eorpach, go háirithe mar chuid den Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite agus na gníomhartha tarmligthe faoin Rialachán maidir le Tacsanomaíocht;

101. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas trí bhilliún crann breise ar a laghad a chur san Aontas Eorpach; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh tionscnaimh an Aontais maidir le crainn a phlandú bunaithe ar phrionsabail shoiléire éiceolaíocha, ar phrófhoraoisiú, athfhoraoisiú inbhuanaithe, glasú limistéar uirbeach agus fo-uirbeach, athchóiriú, feabhsú nascachta agus agrafhoraoiseachta, i gcomhréir leis an eolas eolaíoch is déanaí; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú nach gcuirfear na tionscnaimh sin i gcrích ach ar bhealach a bheidh i gcomhréir agus fabhrach leis na cuspóirí bithéagsúlachta, lena n-áiritheofar nach gcuirfear an phlandáil sin in ionad na bhforaoisí seanfháis agus

bithéagsúla atá ann cheana, agus lena gcuirfear lena chinntiú go mbeidh foraoisí athléimneach, measctha agus sláintiúil;

102. á mheabhrú a seasaimh a shonraítear ina rún maidir le creat dlíthiúil AE chun stop a chur le dífhoraoisiú domhanda atá faoi thionchar an AE agus chun é a aisiompú; á iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh mar ábhar práinne le haghaidh creat dlíthiúil AE a bheidh bunaithe ar dhícheall cuí éigeantach lena n-áiritheofar go mbeidh slabhraí luacha inbhuanaithe agus nach mbeidh dífhoraoisiú, díghrádú foraoise, tiontú éiceachórais nó díghrádú ná sáruithe ar chearta an duine mar thoradh ar tháirgí nó ar thráchtearraí a chuirtear ar mhargadh AE, nó nach dtiocfaidh na táirgí ná na tráchtearraí astu sin; á thabhairt dá haire gur cheart creat dlíthiúil AE den sórt sin a leathnú freisin chun stoc ardcharbóin agus éiceachórais atá saibhir ó thaobh bithéagsúlachta de nach foraoisí iad a chumhdach, amhail éiceachórais mhuirí agus chósta, bogaigh, tailte portaigh agus sabhánaí, ionas nach n-aistreofar brú chuig na tírdhreacha sin;

103. á iarraidh ar an gCoimisiún fiosrú a dhéanamh i dtaobh creat dlíthiúil a chruthú, laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) go príomha, lena lamhálfaí do thoirmeasc a chur ar thrádáil amhábhar, táirgí agus seirbhísí áirithe a chuireann an bhithéagsúlacht i mbaol;

104. á chur i bhfáth gur cheart lorg comhshaoil tháirgeadh agus thomhaltas an Aontais a laghdú go práinneach chun fanacht laistigh de theorainneacha pláinéadacha; á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna ceangailteacha AE a mholadh do 2030 chun laghdú suntasach a dhéanamh ar lorg ábhair agus tomhaltais an Aontais agus iad a thabhairt laistigh de theorainneacha pláinéadacha faoi 2050[1]; ag tacú leis an gCoimisiún cur chuige saolré a ghlacadh chun lorg comhshaoil táirgí agus eagraíochtaí a thomhas; á mheas gur cheart táirgeadh agus úsáid phlaistigh a laghdú; á mheas gur cheart gach cosaint a d'fhéadfadh a bheith ann a ionchorprú i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanann difear d'éiceachórais agus dá mbithéagsúlacht chun an tionchar diúltach a bhíonn acu ar na héiceachórais sin a mhaolú;

***Athrú aeráide***

105. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go dtiocfaidh laghdú suntasach ar fhormhór na raonta speiceas talún i gcás téamh domhanda idir 1,5 agus 2 °C agus go mbeidh na speicis mhuirí faoi bhagairt chomh mór céanna, go háirithe ós rud é gur dócha go sárófar na méaduithe teochta sin leis na conairí reatha; á athdhearbhú, dá bhrí sin, gur gá uaillmhianta an Aontais Eorpaigh a mhéadú go suntasach, tús áite a thabhairt do réitigh dhúlra-bhunaithe agus do chineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachóras chun spriocanna maidir le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach agus i straitéisí oiriúnaithe agus chun cur leis an gcosaint a thugtar do linnte nádúrtha carbóin talún agus mara san Aontas mar bheart comhlántach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;

106. á iarraidh ar an gCoimisiún tionchar an athraithe aeráide ar fhlúirse agus ar dháileadh geografach speiceas a mheas, an measúnú sin a chur san áireamh agus an Straitéis Bithéagsúlachta do 2030 á cur chun feidhme acu, agus cuidiú leis na Ballstáit na torthaí a ionchorprú ina mbeartais náisiúnta agus i dtuairisciú amach anseo faoi na treoracha dúlra;

---

1 Rún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach.

107. á thabhairt chun suntais an ról riachtanach atá ag éiceachórais shláintiúla aigéin ó thaobh cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú agus ó thaobh athrú aeráide a mhaolú; á iarraidh go ndéanfaí gnáthóga aigéin atá ar mhórán carbóin a chaomhnú agus a athbhunú chun feabhas a chur ar stóráil carbóin, ar chosaint chósta agus ar athléimneacht speiceas muirí agus iascaigh i gcoinne an athraithe aeráide; á iarraidh tuilleadh go gcuirfí san áireamh iad i limistéir mhuirí faoi chosaint a ndéantar bainistiú éifeachtach orthu;

108. á iarraidh ar an gCoimisiún, tar éis an Dlí Aeráide Eorpach[1] a ghlacadh agus tar éis ról tábhachtach na linnte carbóin nádúrtha a mheas maidir le neodracht aeráide a bhaint amach, sprioc uaillmhianach AE 2030 atá bunaithe ar eolaíocht a mholadh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint trí linnte carbóin nádúrtha, sprioc ar cheart dó a bheith comhsheasmhach leis an Straitéis Bithéagsúlachta do 2030 agus atá leagtha síos sa reachtaíocht; á mheabhrú, thairis sin, nach mór go mbeadh laghdú tapa na n-astaíochtaí mar thosaíocht i gcónaí;

109. á iarraidh ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta fadtéarmach AE maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht a thíolacadh a luaithe is féidir, lena n-áirítear maidir leis na spriocanna faoi seach, lena bhfeabhsaítear comhordú agus lena n-áirithítear comhleanúnachas, inbhuanaitheacht agus idirnaisc le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéanfar amach anseo, agus lena n-áirítear gealltanais faoin gCreat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020, faoi Chomhaontú Pháras, faoina rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta agus faoi SDGanna; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé faireachán, tuairisciú agus athbhreithniú ar phleananna aeráide agus bithéagsúlachta a chomhordú go foirmiúil a luaithe is féidir; á thabhairt chun suntais go bhfuil éiceachórais athléimneacha shláintiúla ríthábhachtach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun dul in oiriúint dó agus gur cheart sineirgí idir beartais bhithéagsúlachta agus beartais aeráide a áirithiú sna gníomhaíochtaí faoin gComhshocrú Aeráide Eorpach;

110. á chur in iúl gur geal léi straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide; á mheas gur cheart na gníomhaíochtaí a rinneadh faoin straitéis oiriúnaithe a ailíniú go hiomlán leis an Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030 agus leis na bearta maidir le cosc agus ullmhacht do thubaistí nádúrtha faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta;

111. ag formhuiniú, thairis sin, cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais mar a shainmhínítear faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, lena gcuirtear straitéis iomlánaíoch ar fáil maidir le bainistiú comhtháite talún, uisce agus acmhainní beo, lena ndéantar caomhnú agus úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn ar bhealach cothrom;

112. á chur i bhfáth gur cheart an téarma ‘réitigh atá bunaithe ar nádúr’ a shainmhíniú níos fearr agus gur cheart go n-áiritheofaí leis an sainmhíniú sin nach ndéanfar an bhithéagsúlacht ná sláine éiceachórais a chur i mbaol; á iarraidh, dá bhrí sin, go bhforbrófaí sainmhíniú níos soiléire ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chomh maith le treoirlínte agus uirlisí maidir le réitigh dhúlra-bhunaithe a úsáid chun nascacht dúlra-bhunaithe a uasmhéadú chomh maith le sochair agus sineirgí idir caomhnú na

---

[1] Comhaontú sealadach maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) (COM(2020)0080 – C9-0077/2020 – 2020/0036(COD)).

bithéagsúlachta agus maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin;

113. ag tabhairt dá haire nach ann fós do réitigh dhúlra-bhunaithe in a lán straitéisí náisiúnta maidir leis an aeráid; á chreidiúint go bhféadfadh ardán ilgheallsealbhóra maidir le réitigh dhúlra-bhunaithe cuidiú le sineirgí a neartú idir coinbhinsiúin idirnáisiúnta iltaobhacha maidir leis an mbithéagsúlacht agus leis an athrú aeráide agus go bhféadfaí tacú leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach;

***Truailliú***

114. á chur in iúl gur geal léi spriocanna an Choimisiúin i dtaobh úsáid lotnaidicídí is guaisí agus lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú de 50 % agus caillteanais cothaitheach ó leasacháin a laghdú de 50 %, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú 20 % ar a laghad ar úsáid leasachán faoi 2030, ar spriocanna iad ar cheart díobh uile a leagan síos i reachtaíocht agus ar cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu don tréimhse i ndiaidh 2030 d'fhonn leanúint de na laghduithe agus gealltanais fhadtéarmacha a dhéanamh; á iarraidh go ndéanfar measúnú éifeachtach ar na spriocanna sin ar bhonn garspriocanna sonracha;

115. á iarraidh ar an gCoimisiún bonnlínte soiléire, uaillmhianacha a leagan síos do na spriocanna sin agus, i gcomhar leis na Ballstáit, rannchuidiú cothrom do gach Ballstát i leith na spriocanna uile-AE lena léirítear a bpointí tosaigh éagsúla agus a gcúinsí difriúla; á áitiú gur cheart do gach Ballstát bearta láidre a chur chun feidhme chun a spriocanna a bhaint amach;

116. á chur in iúl go bhfuil sí i gcoinne aon ath-údarú a dhéanamh ar ghliofosáit i ndiaidh an 31 Nollaig 2022; á iarraidh ar na Ballstáit go léir an obair ullmhúcháin ábhartha a dhéanamh chun réitigh mhalartacha inmharthana a chur ar fáil do gach feirmeoir tar éis toirmeasc a chur ar ghliofosáit;

117. á mheabhrú a rún an 16 Eanáir 2019 maidir le nós imeachta údaraithe an Aontais maidir le lotnaidicídí[1], agus ag dréim leis go dtabharfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit aghaidh ar a iarrataí uile gan mhoill; á iarraidh ar an gCoimisiún a áireamh ina athbhreithniú ar bhearta cur chun feidhme na bhforálacha maidir le creat Táirgí Cosanta Plandaí chun tacú leis an gcuspóir uile-AE maidir le lotnaidicídí a laghdú, amhail trí na critéir chomhshaoil maidir le rochtain ar an margadh a dheonú ar lotnaidicídí a neartú agus a shoiléiriú; á chur i bhfáth nár cheart cinneadh formheasa a thabhairt nuair a chinneann EFSA go bhfuil tionchair dho-ghlactha ar an gcomhshaol; á iarraidh ar an gCoimisiún sonraí maidir le riosca rialála a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos inrochtana;

118. á mheas gur cheart an maolú atá beartaithe in Airteagal 53(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009[2] a shoiléiriú agus nach ceart é a chur i bhfeidhm ach ar chúiseanna sláinte agus comhshaoil; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil úsáid á baint as an maolú sin chun an bonn a bhaint ón gcosc ar gach úsáid amuigh faoin aer a bhaintear as trí cinn de neoinicitínóidigh;

---

1 IO C 411, 27.11.2020, lch. 48.

2 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

119. á iarraidh ar an gCoimisiún bailchríoch a chur go pras ar an athbhreithniú ar Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí[1], lena n-áirítear na spriocanna maidir le laghdú lotnaidicídí, agus gach beart a dhéanamh chun a áirithiú go ngeallfaidh na Ballstáit an Treoir sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear ina bpleananna gníomhaíochta náisiúnta;

120. ag tabhairt dá haire go dtagann frithsheasmhacht in aghaidh lotnaidicídí as úsáid fhorleathan lotnaidicídí, ar fadhb shuntasach í sin a fhágann nach mbíonn lotnaidicídí chomh héifeachtach céanna; á chur i bhfios go mbaineann costas ard d'fheirmeoirí le méadú ar úsáid lotnaidicídí agus ar spleáchas ar lotnaidicídí; ag tabhairt dá haire gur cheart ordlathas gníomhaíochta a leanúint d'fhonn cailliúint bithéagsúlachta agus frithsheasmacht in aghaidh lotnaidicídí a sheachaint, i gcomhréir leis na hocht bprionsabal a bhaineann le bainistiú comhtháite lotnaidí atá le fáil in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2009/128/CE, agus dá réir sin nár cheart lotnaidicídí ceimiceacha a úsáid ach amháin mar rogha dheireanach;

121. á chur in iúl gurb oth léi go ndéantar an measúnú ar thionchair ceimiceán ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht a mheas faoina luach agus a ghannluacháil go minic san anailís shocheacnamaíoch le linn phróiseas an údaraithe faoi REACH; á chur in iúl gur cúis bhuartha di úsáid leanúnach agus údarú leanúnach ceimiceán guaiseach ag a bhfuil tionchar diúltach ar an gcomhshaol nó i gcás ina bhfuil sonraí sábháilteachta in easnamh maidir le críochphointí comhshaoil; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina ról mar bhainisteoir riosca, aird níos mó a thabhairt ar thionchair ceimiceán, lena n-áirítear a n-éifeachtaí ainsealacha agus fadtéarmacha, ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht;

122. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit caighdeáin chomhionanna agus seiceálacha éifeachtacha a áirithiú ar tháirgí talmhaíochta arna n-allmhairiú ó thríú tíortha;

123. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí[2] d'fhonn rioscaí sláinte ainmhithe agus comhshaoil a ionchorprú mar chritéir na reachtaíochta;

124. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil gealltanas tugtha ag an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara lena chinntiú, ón tús, go léiríonn na pleananna straitéiseacha náisiúnta don talmhaíocht uaillmhian an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise 'ón bhFeirm go dtí an Forc', lena n-áirítear leibhéal méadaithe uaillmhéine chun úsáid agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú go suntasach, chomh maith le húsáid leasachán agus antaibheathach; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé na spriocanna sin a shaothrú ar bhealaí iomlánaíocha agus ciorclacha, amhail cur chuige agrai-éiceolaíoch a ghlactar amhail táirgeadh comhtháite agus feirmeoireacht orgánach, lena n-áirítear uainíocht na mbarr; á chur i bhfáth freisin an méid a chuirtear le talmhaíocht bheacht, le digitiú agus le huirlisí eile chun lotnaidicídí, leasacháin agus cothaithigh a laghdú agus iad a úsáid go héifeachtúil;

---

1 Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

2 Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1)

125. á chur i bhfáth, chun an gá le lotnaidicídí a laghdú agus chun laghdú breise ar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus ar na rioscaí a bhaineann leo a bhaint amach, go bhfuil bosca uirlisí níos mó de réitigh agus de mhodhanna cosanta barr atá malartach, éifeachtach, inacmhainne agus sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de de dhíth ar fheirmeoirí; ag moladh go bhféadfaí a áireamh leis sin glacadh feabhsaithe de theicnící rialaithe cultúrtha, fisiceacha agus bitheolaíocha, lotnaidicídí nua ísealriosca agus bith-lotnaidicídí, teicnící leata níos éifeachtaí a éascaítear le huirlisí amhail feirmeoireacht dhigiteach agus bheacht, samhlacha eipidéimeolaíocha, raon níos leithne agus feabhsaithe de roghanna le haghaidh cineálacha frithsheasmhacha a éilíonn níos lú ionchuir, agus oiliúint agus córais chomhairleacha taighde agus nuálaíochta neartaithe, lena n-áirítear i gcleachtais feirmeoireachta agrai-éiceolaíocha;

126. á chur i bhfios go láidir an ról tábhachtach atá ag earnálacha talmhaíochta, iascaireachta agus foraoiseachta an Aontais maidir leis an dúlra a chosaint agus a athbhunú agus nach mór dóibh a bheith rannpháirteach go hiomlán i gcur chun feidhme na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030; á chur i bhfáth gur cheart tacaíocht dhea-shainithe, cláir oiliúna agus bosca uirlisí de réitigh agus roghanna malartacha atá inbhuanaithe, sábháilte, éifeachtach agus inacmhainne a bheith ag gabháil leis na bearta cur chun feidhme, chomh maith le rochtain ar an eolas, an teicneolaíocht agus na seirbhísí comhairleacha is déanaí; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, an méid a d'fhéadfadh dreasachtaí dearfacha agus malartú dea-chleachtas a dhéanamh chun an straitéis a chur chun feidhme;

127. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go léireofar cuspóirí na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030 go hiomlán i gcur chun feidhme na Straitéise 'ón bhFeirm go dtí an Forc', na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht agus sa phlean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach atá ar na bacáin, lenar cheart aghaidh a thabhairt ar thruailliú solais agus truailliú torainn, lena n-áirítear torann faoi uisce; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an truailliú ag an bhfoinse mar thosaíocht agus úsáid na dteicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil á háirithiú ag an am céanna;

128. á iarraidh ar an gCoimisiún sprioc uaillmhianach laghdaithe a leagan síos do 2030 maidir le húsáid solais shaorga faoin aer agus treoirlínte a mholadh faoi conas is féidir leis na Ballstáit an solas saorga san oíche a laghdú;

129. á chur i bhfáth an gá atá leis an Straitéis Bithéagsúlachta do 2030 chun bearta tiomnaithe a áireamh maidir le truailliú a laghdú a mbíonn tionchar díreach acu ar an mbithéagsúlacht agus ar an tsláinte, amhail truailliú plaisteach, micreaphlaisteach agus ceimiceach; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear chun feidhme gan mhoill gach gníomhaíocht a bhaineann leis an bplean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach agus reachtaíocht ghaolmhar;

***Speicis choimhthíocha ionracha (IAS)***

130. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur bagairt thromchúiseach iad speicis choimhthíocha ionracha don chomhshaol, do shlite beatha agus do shlándáil an tsoláthair bia, a dhéanann damáiste do-athraithe agus dá mbithéagsúlacht, agus go bhfuil sé sin á dhéanamh níos measa mar gheall ar an athrú aeráide;

131. á chur in iúl gurb oth léi gur lú ná 6% de na speicis choimhthíocha ionracha atá san Aontas iad na speicis is ábhar imní don Aontas iad ar an liosta IAS; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur le gníomhaíocht agus a áirithiú go n-áireofar speicis faoi

bhagairt ar an liosta; á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh coisc a fheabhsú trí mheasúnuithe riosca éigeantacha a thabhairt isteach sula ndéanfar speicis neamhdhúchasacha a allmhairiú den chéad uair agus trí liostaí bána a mholadh ar fud an Aontais de speicis atá ceadaithe a allmhairiú, a choinneáil, a phórú agus a thrádáil mar pheataí ar bhonn measúnú riosca eolaíoch agus saintréithe éiceolaíocha san Aontas a luaithe is féidir;

132. á thabhairt chun suntais go bhfuil trádáil peataí peataí andúchasacha ar cheann de na príomhbhealaí chun speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach agus, seachas sin, baineann speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach le strusairí eile amhail iompar trastíre agus muirí agus bruscar muirí; á iarraidh go bhforbrófaí bearta breise ar leibhéal an Aontais maidir le speicis choimhthíocha ionracha a chosc, a rialú agus a dhíothú, lena n-áirítear pleananna sonracha a tharraingt suas dóibh siúd a bhfuil tionchar acu ar speicis atá i mbaol criticiúil; á chur i bhfáth an gá atá le hacmhainní leordhóthanacha daonna, teicniúla agus airgeadais chun tacú le cosc agus chun cabhrú le réimsí atá buailte chun dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha atá ann cheana agus a tugadh isteach le déanaí;

133. á chur in iúl gurb oth léi nár áiríodh ach speiceas amháin muirí i Liosta na Speiceas Choimhthíocha Ionracha is ábhar imní don Aontas[1]; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an líon na Speiceas Choimhthíocha Ionracha muirí sin atá íseal go díréireach chun ailíniú cuí le Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 a áirithiú[2];

***Cistiú, príomhshruthú agus creat rialachais***

134. á thabhairt chun suntais gur mó na tairbhí sochaíocha agus comhshaoil a bhaineann le cosc agus le hathbhunú ná na costais infheistíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún príomhshruthú éifeachtach bithéagsúlachta agus díonadh éifeachtach a áirithiú ar fud chaiteachas agus chláir AE ar bhonn Tacsanomaíocht AE; á iarraidh go ndéanfaí an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar fud chaiteachas agus chláir AE; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú cuimsitheach a sholáthar maidir leis an mbealach ina bhféadfaí leas a bhaint as an EUR 20 billiún in aghaidh na bliana ar a laghad atá ag teastáil don dúlra, chun tograí comhfhreagracha a dhéanamh le haghaidh bhuiséad bliantúil an Aontais agus chun scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le hionstraim chistiúcháin thiomnaithe le haghaidh TEN-N; ag tabhairt dá haire an comhaontú go ndéanfar caiteachas 7.5 % ar an mbithéagsúlacht a phríomhshruthú ó 2024 agus 10 % ó 2026 ar aghaidh; á mheas gur cheart iarrachtaí a dhéanamh caiteachas bliantúil 10 % ar a laghad ar an mbithéagsúlacht faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil a bhaint amach a luaithe is féidir ó 2021 ar aghaidh; á chur i bhfáth an gá le comhsheasmhacht a áirithiú idir maoiniú aeráide agus maoiniú bithéagsúlachta; ag tathant ar na Ballstáit gníomhaíochtaí bithéagsúlachta a áireamh sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta; á áitiú gur cheart caiteachas AE a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a rianú i gcomhréir le modheolaíocht éifeachtach, thrédhearcach agus

---

1 Tsiamis, K. et al., ‘Prioritizing marine invasive alien species in the European Union through horizon scanning [Tús áite a thabhairt do speicis choimhthíocha ionracha muirí san Aontas Eorpach trí scanadh ionchais]’, *Aquatic Conservation – Marine and Freshwater Ecosystems [Caomhnú Uisceach – Éiceachórais Mara agus Fionnuisce],* Iml. 30, Uimh. 4, John Wiley & Sons Ltd, Chichester, 2020.

2 Treoir (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35).

chuimsitheach a leagfaidh an Coimisiún amach, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle;

135. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh faoi 2022 ar na fóirdheontais lena ndéantar dochar don chomhshaol, d'fhonn iad a chéimniú amach gan a thuilleadh moille; á iarraidh go ndéanfaí dreasachtaí airgeadais a atreorú i dtreo infheistíochtaí a bheadh dearfach ó thaobh na bithéagsúlachta de agus córais chánachais i dtreo úsáid mhéadaithe a bhaint as cánachas comhshaoil agus ioncam comhshaoil;

136. á mheabhrú gealltanas an Aontais cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit deireadh a chur le gach fóirdheontas indíreach agus díreach do bhreoslaí iontaise *a luaithe is féidir agus faoi 2025 ar a dhéanaí*;

137. á mheas gur cheart tacú ar fud an domhain le deireadh a chur de réir a chéile le breosla iontaise agus fóirdheontais eile atá díobhálach don chomhshaol trí bheartas trádála an Aontais agus tríd an taidhleoireacht ghlas, lena náirítear trí chomhaontú maidir le treochlár ina mbeidh garspriocanna do gach comhpháirtí trádála;

138. á mheabhrú go bhfuil sé measta ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta go gcaitheann rialtais thart ar USD 500 billiún in aghaidh na bliana ar thacaíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don bhithéagsúlacht, i.e. idir cúig agus sé huaire níos mó ná an caiteachas iomlán ar an mbithéagsúlacht[1];

139. á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte agus dreasachtaí soiléire a sholáthar chun maoiniú príobháideach a shlógadh don bhithéagsúlacht agus chun infheistíochtaí a ailíniú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún creat uaillmhianach réamhbhreathnaitheach a chur ar fáil lena gcomhtháthófar bearta reachtacha agus dreasachtaí airgeadais don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach araon chun tacú le baint amach na spriocanna agus na spriocanna faoin Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030 mar chuid den straitéis athnuaite airgeadais inbhuanaithe atá ar na bacáin; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh maidir le soláthar corparáideach inbhuanaithe;

140. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhleanúnachas beartais a áirithiú agus beartais AE agus beartais náisiúnta a ailíniú leis an Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030; á iarraidh freisin go gcloífí le prionsabail uile na gconarthaí sa bheartais ar fad de chuid an Aontais, go háirithe prionsabal an réamhchúraim agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as;

141. á thabhairt chun suntais an gá atá le creat rialachais bithéagsúlachta atá ceangailteach ó thaobh dlí – dlí bithéagsúlachta – ag leanúint measúnaithe tionchair chuimsithigh lena stiúrtar conair go dtí 2050 trí shraith cuspóirí, lena n-áirítear spriocanna do 2030 agus gealltanais COP15, agus lena mbunaítear sásra faireacháin le táscairí SMART, laistigh de limistéir atá faoi chosaint agus lasmuigh díobh; á iarraidh ar an gCoimisiún togra dlíthiúil a thíolacadh chuige sin in 2022; á chur i bhfáth go mbeidh a áirithiú go mbeidh dóthain acmhainní daonna agus airgeadais ríthábhachtach le haghaidh rialachais

---

1 Tuarascáil ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ó Aibreán 2020 dar teideal 'A Comprehensive Overview of Global Biodiversity Finance' ['Forléargas Cuimsitheach ar Airgeadas Domhanda Bithéagsúlachta'].

éifeachtaigh;

142. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar phainéal neamhspleách eolaíoch Eorpach maidir leis an mbithéagsúlacht nó comhlacht comhchosúil a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht bhearta an AE le huaillmhian na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030 agus moltaí beartais a dhéanamh dá réir, agus aon fhorluí a d'fhéadfadh a bheith ann le beartais EEA nó le comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus comhlachtaí idirnáisiúnta a sheachaint;

143. á mheabhrú go léirítear in Airteagal 37 den Chairt an prionsabal maidir le cosaint an chomhshaoil a áirithiú i reachtaíocht AE; á mheas gur cheart an ceart chun comhshaoil sláintiúil a aithint sa Chairt agus gur cheart don Aontas Eorpach an tionscnamh a threorú chun aitheantas a thabhairt do cheart den chineál céanna go hidirnáisiúnta;

***Taighde, nuálaíocht agus oideachas***

144. á iarraidh ar an gCoimisiún an bhithéagsúlacht a threisiú laistigh de chláir óige AE amhail an tSeirbhís Dheonach Eorpach, agus clár Erasmus Glas a sheoladh mar chuid de chlár Erasmus ina iomláine, lena ndírítear ar eolas, mic léinn agus gairmithe i réimse an athchóirithe agus an chaomhnaithe a mhalartú;

145. á thabhairt chun suntais an gá le tuiscint níos doimhne ar chomhdhéanamh na bithéagsúlachta, ar an tionchar atá aici ar fheidhmiú na n-éiceachóras, agus ar athléimneacht na n-éiceachóras; á mheas gur cheart taighde bunúsach agus taighde feidhmeach araon maidir leis an mbithéagsúlacht a mhéadú agus á chur sí i bhfios go láidir gur cheart maoiniú leordhóthanach a fháil chuige sin; á iarraidh go gcuirfí taighde ar an mbithéagsúlacht san áireamh i gcláir cistiúcháin náisiúnta agus AE éagsúla; á iarraidh an athuair go mbeidh misean sonrach a bheidh dírithe ar an mbithéagsúlacht laistigh de chlár taighde an AE don bhithéagsúlacht; á chur i bhfios go láidir an gá le méadú suntasach ar mhaoiniú don taighde poiblí;

146. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tuilleadh taighde a dhéanamh ar réigiúin bhithgheografacha agus ar tacsanomaíocht orgánach, agus ar thionchar an dífhoraoisithe agus chailliúint na bithéagsúlachta ar sheirbhísí bunriachtanacha, amhail soláthar bia; á chur i bhfios go láidir an gá le feabhas a chur ar an eolas faoi na naisc idir teacht chun cinn galar ar thaobh amháin agus trádáil dhlíthiúil agus neamhdhleathach fiadhúlra, caomhnú agus díghrádú éiceachórais ar an taobh eile;

147. á chreidiúint go láidir gur chóir tuilleadh taighde a dhéanamh ar na haigéin, ós rud é go nach ndearnadh iad a fhiosrú go fóill den chuid is mó; á iarraidh ar an gCoimisiún ról tábhachtach a imirt i nDeich mBliana Eolaíochta Aigéin na Náisiún Aontaithe agus na moltaí a rinne 'Misean Crosóige Mara 2030: Ár n-aigéan agus ár n-uiscí a athbhunú' a leanúint; á mheas gur cheart maoiniú a chur ar fáil freisin d'éiceachórais dhomhainfharraige agus don bhithéagsúlacht;

148. ag spreagadh taighde ar nuálaíocht inbhuanaithe talmhaíochta, ar theicneolaíochtaí agus ar mhodhanna agus cleachtais táirgthe d'fheirmeoirí a chuireann feabhas ar bhithéagsúlacht agus ar shláinte éiceachórais, lena n-áirítear digitiú, agrafhoraoiseacht inbhuanaithe, roghanna bitheolaíocha ísealriosca ar lotnaidicídí ceimiceacha agus talmhaíocht atá saor ó lotnaidicídí;

149. á mheas gur cheart tionchair agus deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha na mbeartas caomhnaithe, na bithéagsúlachta ithreach agus leá oighearshruthanna agus síorshioctha

a chuimsiú freisin leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh le taighde breise;

150. á chur in iúl gur díol sásaimh di cruthú an Lárionaid Eolais um Bithéagsúlacht agus Fhaireachlann nua Ithreach an Aontais;

151. á chur i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le hacmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh maidir le bailiú sonraí agus forbairt táscairí le haghaidh tacaíochta le fothú acmhainní agus le comhar maidir leis an mbithéagsúlacht a fheabhsú i measc geallsealbhóirí; ag aithint an acmhainneacht a bhaineann leis an digitiú, le mórshonraí agus leis an intleacht shaorga chun feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar an mbithéagsúlacht agus ar an eolas atá againn faoi;

152. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide in iarrachtaí taighde agus nuálaíochta chun cur le spriocanna Straitéis Bithéagsúlachta an AE do 2030;

153. á chreidiúint gur cheart go mbeadh eolas maidir leis an gcomhshaol mar chuid lárnach den oideachas; ag tacú le bunú limistéar cosanta chun críocha oideachais freisin; á chur i bhfáth gur cheart tacú le heolaíochtaí rannpháirteacha agus le múscailt feasachta, *inter alia*, chun a léiriú gur gá an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú;

***Creat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020, gníomhaíocht idirnáisiúnta, trádáil agus rialachas na n-aigéan***

154. á mheabhrú an seasamh a cuireadh in iúl ina rún maidir le COP15 maidir leis an mbithéagsúlacht agus an gá atá le comhaontú ceangailteach iltaobhach, ar comhaontú é a bheadh comhchosúil le Comhaontú Pháras, chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú faoi 2030, le spriocanna agus táscairí SMART, le creat láidir cur chun feidhme agus le sásra athbhreithnithe a bheidh bunaithe ar an eolaíocht, atá neamhspleách agus trédhearcach; á chreidiúint gurb ionann 2021 agus cor cinniúna don bhithéagsúlacht ar fud an domhain agus gur cheart don AE gníomhú mar cheannaire domhanda agus leibhéal ard uaillmhéine a mheaitseáil nó níos mó ná a chuid féin a chur chun cinn, le linn na caibidlíochta, lena n-áirítear spriocanna domhanda um athchóiriú agus cosaint atá ceangailteach ó thaobh dlí de 30 % ar a laghad faoi 2030; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an gealltanas ón gComhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine ar son an Dúlra agus na nDaoine chun 30 % den talamh agus den fharraige a chosaint ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir gur gá tacú le tíortha ísealioncaim agus an creat nua sin á chur chun feidhme; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá gealltanais bhreise ón earnáil phríobháideach chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú;

155. á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna fadtéarmacha domhanda atá uaillmhianach agus soiléir a éileamh; ag athdhearbhú a seasamh gur cheart go n-éileodh AE, sa chaibidlíocht, go ndéanfaí leath an phláinéid a chosaint faoi 2050[1];

156. ag tacú le forbairt conartha idirnáisiúnta maidir le paindéimí faoin Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) chun athléimneacht i gcoinne paindéimí amach anseo a neartú; ag tabhairt dá haire go bhfuil bunú comhairle idir-rialtasaigh ardleibhéil maidir le cosc paindéime ar cheann de na moltaí ón gceardlann IPBES maidir leis an mbithéagsúlacht agus le paindéim a d’éascódh comhar idir rialtais, lena n-áirítear trí fhaisnéis eolaíoch atá ábhartha ó thaobh beartais de a chur ar fáil agus trí dhearadh

---

1 Rún maidir le COP15 don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.

creata faireacháin a chomhordú, agus an réamhobair a leagan síos do spriocanna a d'fhéadfadh a bheith ag obair ag crosbhóthar na dtrí choinbhinsiún Rio; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit bunú comhairle den sórt sin a chur chun cinn i COP15, ar cheart di oibriú i sineirgíocht le comhlachtaí atá ann cheana amhail EDS;

157. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuarascáil speisialta IPCC a iarraidh maidir leis an mbithéagsúlacht agus athrú aeráide;

158. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na dúshláin nua dhlíthiúla, chomhshaoil, bhithshábháilteachta agus rialachais a d'fhéadfadh teacht as scaoileadh orgánach ghéinfhuadair géin-innealtóireachta sa chomhshaol, lena n-áirítear chun críocha chaomhnú an dúlra; ag aithint an toradh a bhí ar sainghrúpa teicniúil ad hoc an Choinbhinsiúin um Éagsúlacht Bhitheolaíoch maidir le géinfhuadair agus éisc mhionathraithe bheo[1], ar cúis imní é maidir leis na deacrachtaí a bhaineann lena n-iompar a thuar, na rioscaí a bhaineann leo a mheas agus iad a rialú tar éis a scaoilte; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh orgánaigh ghéinfhuadair a bheith ina speiceas ionrach iontu féin; á mheas gur cheart ábhair treorach, uirlisí agus creat faireacháin comhshaoil ar leibhéal domhanda agus ar leibhéal an AE, chomh maith le rialachas domhanda soiléir agus sásraí éifeachtacha chun éifeachtaí orgánach géinfhuadair a rialú agus a aisiompú, a fhorbairt go hiomlán, agus go bhfuil gá le taighde breise ar impleachtaí sláinte, comhshaoil, éiceolaíochta, eiticiúla agus eile na n-orgánach géinfhuadar chun tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu; á mheas, dá bhrí sin, nár cheart aon scaoileadh orgánach a ndéantar innealtóireacht ghéiniteach orthu a cheadú, lena n-áirítear chun críocha caomhnú an dúlra, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim[2];

159. ag cur béim ar an acmhainneacht a bhaineann le taidhleoireacht ghlas, beartas trádála agus gníomhaíocht iltaobhach a úsáid chun cosaint na bithéagsúlachta a chur chun cinn lasmuigh den Eoraip; á chur in iúl a tacaíocht do 'Deich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras' (2021-2031) agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta a chomhtháthú go héifeachtach i ngach gníomhaíocht sheachtrach;

160. á iarraidh ar an gCoimisiún na hiarrachtaí a stiúradh ar chomhaontú idirnáisiúnta maidir le hacmhainní nádúrtha a bhainistiú chun fanacht laistigh de 'theorainneacha pláinéadacha' d'úsáid acmhainní nádúrtha;

161. á chur in iúl go láidir freisin go bhfuil díghrádú éiceachóras agus strus orthu ag déanamh dochar do na hiarrachtaí foriomlána i dtreo na forbartha inbhuanaithe agus ag baint an bhoinn den dul chun cinn atá á dhéanamh i dtreo an chuid is mó de SDGanna 2030 a bhaint amach, go háirithe na cuspóirí maidir le deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus leis an ocras, rochtain ar uisce agus sláintíocht a áirithiú, slándáil bia a bhaint amach, saol sláintiúil a áirithiú agus neamhionannais shocheacnamaíocha a laghdú laistigh de thíortha agus ina measc;

162. á chur i bhfáth go mbíonn an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil ag idirghníomhú níos mó agus níos mó le cúiseanna easáitithe dhaonna, ós rud é go bhfuil pobail á n-easáitiú go héigeantach óna dtithe de dheasca éifeachtaí an athraithe aeráide,

---

1 Tuarascáil Shainghrúpa Teicniúil Ad Hoc CBD an 15 Aibreán 2020 maidir le measúnú riosca.
2 Ibid.

díghrádú an chomhshaoil agus tubaistí; á chur i bhfios go dtiocfaidh méadú ar na géarchéimeanna sin sna blianta atá le teacht mar gheall ar an athrú aeráide agus mar gheall ar chailliúint na bithéagsúlachta mura ndéantar gníomh gasta agus éifeachtach anois; á chur i bhfáth go gcaithfidh an tAontas a bheith ullamh don díláithriú de dheasca iarmhairtí an athraithe aeráide agus díláithriú de dheasca díghrádaithe agus tubaistí comhshaoil agus ag aithint nár mhiste bearta leordhóthanacha a ghlacadh chun cearta an duine a chosaint i gcás pobal faoi bhagairt ó iarmhairtí an athraithe aeráide;

163. á iarraidh ar an gCoimisiún fothú acmhainneachta a éascú, go háirithe fothú acmhainní, lena n-áirítear aistrithe eolais, comhroinnt teicneolaíochta agus oiliúint scileanna do thíortha is tairbhí chun CBD, an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) agus coinbhinsiúin agus comhaontuithe eile a chur chun feidhme atá riachtanach chun an bhithéagsúlacht a chosaint faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) agus Cúnamh don Trádáil; ag áitiú gur gá cláir chomhair le tríú tíortha a neartú chun a mbithéagsúlacht dhúchasach a chaomhnú, lena n-áirítear idirphlé idirpharlaiminteach, agus chun cabhrú le tíortha atá i mbéal forbartha iad a chur chun feidhme; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfaí bainistiú comhpháirteach ar éiceachórais trasteorann agus ar bhealaí imirce agus ar speicis a fheabhsú agus go laghdófaí na rioscaí a bhaineann le cailliúint bithéagsúlachta a aistriú chuig codanna eile den domhan;

164. á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh amhail an 'Balla Mór Glas' Afracach agus ag iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh chomhchosúla a fhorbairt do réigiúin eile agus tacú le tionscnaimh idirnáisiúnta chun bithéagsúlacht a athbhunú ar fud an domhain, agus Príomhréigiúin Bhithéagsúlachta a leathnú ag an am céanna arb é is aidhm dóibh athléimneacht na dtíortha atá i mbéal forbartha a chothú i gcoinne an athraithe aeráide; á mheas go bhféadfadh NDICI nua gníomhú mar spreagadh tábhachtach don athrú ar mhaithe le hathbhunú agus caomhnú na bithéagsúlachta ar fud an domhain; á mheas gur cheart, i NDICI nua, ranníocaíocht shuntasach ón mbuiséad a úsáid le haghaidh athshlánú agus caomhnú bithéagsúlachta, lena gcuirfear leis an sprioc fhoriomlán maidir le príomhshruthú bithéagsúlachta;

165. á chreidiúint go bhfuil eolas dúchasach agus áitiúil ríthábhachtach chun bithéagsúlacht a chosaint go héifeachtach agus á mheabhrú sé go n-aithníonn Tuarascáil Speisialta IPCC ar an Athrú Aeráide agus ar an Talamh an ról ríthábhachtach atá ag pobail dhúchasacha agus ag pobail áitiúla i gcaomhnú an chomhshaoil; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de bheith ag obair leis an gcomhphobal idirnáisiúnta chun aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a dhéanann siad i gcosaint na bithéagsúlachta, chun a gcearta a ráthú, agus chun tacú lena rannpháirtíocht sna próisis chinnteoireachta; á iarraidh, thairis sin, ar na Ballstáit uile Coinbhinsiún 1989 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha i dTíortha Neamhspleácha a dhaingniú gan mhoill (Coinbhinsiún EIS Uimh. 169);

166. ag tacú leis na hiarrachtaí a dhéanann Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol chun treoir maidir le hoibleagáidí i leith chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol, le héiceachórais agus leis an mbithéagsúlacht a fhorbairt; á iarraidh ar Bhallstáit agus ar institiúidí AE tacú le cur chun feidhme domhanda phrionsabail chreata 2018 i dtaca le cearta an duine agus an comhshaol a thíolaic Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus an comhshaol; á iarraidh ar AE freisin tacú le tionscnamh ceart comhshaoil Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe;

167. ag spreagadh an Aontais agus na Ballstát cur chun cinn a dhéanamh ar éiceadhíothú a aithint mar choir idirnáisiúnta faoi Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC);

168. á chur in iúl gur díol sásaimh di tiomantas an Choimisiúin cur chun feidhme iomlán agus forfheidhmiú na bhforálacha bithéagsúlachta i ngach comhaontú trádála AE a áirithiú agus measúnú níos fearr a dhéanamh ar a dtionchar ar an mbithéagsúlacht; á chur in iúl, thairis sin, gur geal léi go n-iarrtar leis an straitéis nua trádála ‘comhtháthú beartais níos dlúithe a bheith ann idir beartais trádála agus beartais inmheánacha AE’, agus á aithint gur ‘dúshlán domhanda é caomhnú na bithéagsúlachta a bhfuil iarrachtaí ar bhonn domhanda ag teastáil lena aghaidh’[1]; ag cur béim ar an bhfíoras nár tugadh aghaidh go leormhaith ar rannchuidiú na trádála le caillteanas as cuimse na bithéagsúlachta le struchtúr na gcomhaontuithe saorthrádála (CSTanna) atá ann faoi láthair agus le rialacha reatha EDT; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, bearta sonracha nithiúla a mheas gan mhoill chun a áirithiú nach mbeidh comhaontuithe trádála AE ina siocair le cailliúint na bithéagsúlachta nó ina mbagairt ar bheith ina gcúis le cailliúint na bithéagsúlachta, agus go ndéanfar beartas trádála AE a ailíniú go héifeachtach lena Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030;

169. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh gach comhaontú trádála agus infheistíochta nua agus a bheidh ann amach anseo ag teacht go hiomlán leis an gComhaontú Glas don Eoraip, le Comhaontú Pháras, le gealltanais bhithéagsúlachta an Aontais agus le SDGanna, ina bhfuil caibidlí ceangailteacha agus in-fhorfheidhmithe maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear coimircí agus smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i ndáil le neamh-chomhlíonadh, lena n-áirítear an fhéidearthacht taraifí a thabhairt isteach an athuair; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta comhchosúla a chur chun cinn i gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta atá ann cheana;

170. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé gné na bithéagsúlachta, lena n-áirítear i gcomhair leis an ngné eacnamaíoch agus shóisialta, a áireamh go córasach sna measúnuithe tionchair inbhuanaithe (SIAnna) uile, nach foláir dóibh modheolaíocht níos láidre a leanúint ná mar a rinne siad cheana, amhail atá molta sna staidéir ón gCoimisiún a bhfuil fáil orthu, agus saincheisteanna bithéagsúlachta a chur san áireamh go comhsheasmhach; á iarraidh go ndéanfaí SIAanna mar chuid den chéim cleachtaidh scóipe ar chomhaontuithe saorthrádála agus infheistíochta a bheidh ann sa todhchaí; á iarraidh go ndéanfaí SIAnna a thabhairt cothrom le dáta go rialta de réir mar a fhorbraítear an chaibidlíocht chun na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann don bhithéagsúlacht sa réigiún lena mbaineann agus in AE a shainaithint, a mheasúnú agus chun aghaidh a thabhairt orthu chomh luath agus is féidir, agus á iarraidh go ndéanfar leo na gealltanais dhéthaobhacha ábhartha a leagtar amach sa chaibidlíocht a mhúnlú;

171. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-áireofar i gcaibidlí maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe treochlár ina mbeidh gealltanais nithiúla infhíoraithe a ndéanfar dul chun cinn ina leith i gcaibidlí eile; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé measúnuithe tionchair inbhuanaithe rialta *ex post* a dhéanamh go córasach ar chomhaontuithe trádála chun comhsheasmhacht a áirithiú le gealltanais idirnáisiúnta AE maidir leis an mbithéagsúlacht; á iarraidh ar an gCoimisiún caibidlí na gcomhaontuithe trádála agus

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 dar teideal ‘Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach’ (COM(2021)0066).

infheistíochta atá cheana ann a thabhairt cothrom le dáta trí úsáid a bhaint as clásail athbhreithnithe ghníomhacha agus thráthúla chun a áirithiú go ndéanfar na comhaontuithe saorthrádála atá cheana ann a ailíniú leis an gComhaontú Glas don Eoraip a luaithe is féidir, agus na torthaí agus na coigeartuithe pleanáilte a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa;

172. á iarraidh ar an gComhairle, ina dréacht-sainordú i gcás comhaontuithe sa todhchaí agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar na comhaontuithe atá ann faoi láthair, go mbeidh CBD ina ghné bhunriachtanach de CSTanna ar choinníoll go mbeidh comhaontú déanta i leith sásraí éigeantacha chun na spriocanna náisiúnta a athbhreithniú; á iarraidh ar an gComhairle go mbeidh CITES agus Comhaontú Pháras ina ngnéithe bunriachtanacha de CSTanna, agus béim a leagan ar a gcur chun feidhme éifeachtach; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an t-athchóiriú atá beartaithe a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Scéim na bhFabhar Ginearálaithe chun foráil a dhéanamh do chur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún iltaobhach maidir le gnéithe athraithe aeráide agus comhshaoil a chumhdaítear leis an Rialachán, lena n-áirítear CBD;

173. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann táirgí allmhairithe na caighdeáin chéanna is gá do tháirgeoirí Eorpacha, chun an comhshaol agus an bhithéagsúlacht a chosaint, agus chun a áirithiú go n-urramófar cearta an duine agus cearta saothair; á chur i bhfáth an gá atá ann le cothrom na Féinne a chur chun cinn ar fud an domhain agus bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar dhíláithriú féideartha na bithéagsúlachta thar lear; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar mionsonraithe a chur ar fáil ar an tionchar a bhíonn ag onnmhairí AE agus ag a modhanna táirgthe ar an mbithéagsúlacht;

174. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú chun toirmeasc a chur ar shubstaintí guaiseacha a bhfuil cosc orthu in AE a onnmhairiú amach as AE, i gcomhréir le ‘prionsabal na neamhdhíobhála’, le Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a Chur In Iúl Roimh Ré le haghaidh Ceimiceáin Ghuaiseacha agus Lotnaidicídí Áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

175. ag tacú leis an gCoimisiún ina mhian feasacht a ardú agus a leathnú, i bplé idirnáisiúnta maidir le trádáil agus leis an gcomhshaol, faoi léirmhíniú ar fhorálacha ábhartha EDT agus iad a chur chun cinn, lena n-aithnítear an ceart atá ag comhaltaí i leith freagairtí éifeachtacha ar dhúshláin dhomhanda chomhshaoil a chur ar fáil, go háirithe an t-athrú aeráide agus cosaint na bithéagsúlachta, tríd an úsáid a bhaintear go háirithe as próiseas agus modhanna táirgthe nach mbaineann le táirgí; á chreidiúint, thairis sin, gur cheart do AE obair a dhéanamh chun leibhéil cheangailteacha cosanta bithéagsúlachta a chur san áireamh san obair atá ar na bacáin maidir le hathchóiriú EDT; ag spreagadh an Choimisiúin breithniú a dhéanamh i leith saineolas ar thrádáil agus ar an gcomhshaol a áireamh i ndíospóidí a eascraíonn as coinbhleachtaí idir gealltanais trádála agus eisceachtaí maidir le cosaint an chomhshaoil; ag tathant ar an gCoimisiún an togra seo a chur chun cinn i gcomhthéacs a thionscnaimh aeráide agus trádála EDT; á iarraidh go ndéanfar grinnanailís neamhspleách ar éifeachtaí na bhforálacha eile maidir le réiteach díospóidí idir infheisteoirí agus stáit agus maidir leis an gcóras cúirte infheistíochta i gcomhaontuithe trádála;

176. á chur in iúl gur oth léi na bearnaí i gcur chun feidhme Rialacháin AE maidir le Trádáil Fiadhúlra ós rud é nach gcumhdaítear leo gach speiceas criticiúil agus nach dtugann siad an chosaint chéanna d’ainmhithe a tógadh i mbraighdeanas; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar thrádáil dhlíthiúil tráchtála agus

ar thrádáil neamhdhleathach san athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta AE i gcoinne na Gáinneála ar Fhiadhúlra, ar cheart dó a bheith go hiomlán i gcomhréir leis an Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030 agus cistiú leormhaith a fháil, lena n-áirítear cúnamh do thríú tiortha agus d'ionaid tarrthála fiadhúlra agus tearmainn; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh chun a áirithiú go mbeidh toirmeasc ar allmhairiú, ar thrasloingsiú, ar cheannach agus ar dhíol fiadhúlra a thógtar, a phróiseáiltear, a iompraítear nó a dhíoltar de shárú ar dhlíthe sa tír thionscnaimh;

177. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit iarrachtaí a stiúradh chun deireadh a chur le trádáil tráchtála speiceas agus a gcodanna atá i mbaol; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé spriocanna SMART a fhorbairt chun na críche sin; ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfear toirmeasc iomlán agus láithreach ar leibhéal na hEorpa ar thrádáil tráchtála, ar onnmhairiú nó ar athonnmhairiú eabhair[1]laistigh de AE agus chuig chinn scríbe lasmuigh de AE, lena n-áirítear eabhar 'réamhchoinbhinsiúin' , agus é á chur i bhfios aici gur cheart go bhféadfadh eisceachtaí teoranta a bheith ann i gcónaí i gcás allmhairí agus onnmhairí eolaíocha, i gcás uirlisí ceoil a fuarthas go dleathach roimh 1975 agus i gcás trádáil déantán agus seandachtaí a táirgeadh roimh 1947, ar choinníoll go bhfuil deimhniú bailí ag gabháil leo, agus a iarraidh go gcuirfear srianta comhchosúla ar speicis eile atá i mbaol, amhail tíogair agus srónbheannaigh; á iarraidh go gcuirfear an toirmeasc sin chun feidhme gan a thuilleadh moille in 2021;

178. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cabhrú leis an gcomhphobal domhanda aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le trádáil tráchtála agus díolacháin ainmhithe fiáine; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as an idirphlé rialála dá bhforáiltear in CSTanna chun dianchaighdeáin sláintíochta agus fíteashláintíochta de chuid AE agus leas ainmhithe a chur chun cinn chun na rioscaí a bhaineann le heipidéimí agus paindéimí a bheidh ann sa todhchaí a íoslaghdú; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh, más gá, ar mhoratóir a ghlacadh maidir le hallmhairí ainmhithe fiáine nó aon speicis eile ó teophointí galar ionfhabhtaíoch atá ag teacht chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar aon ábhair imní maidir le sábháilteacht;

179. ag tabhairt dá haire gur cúis bhuartha di go bhfuil méadú faoi dheich tagtha ar thruailliú plaisteach muirí ó 1980 i leith, lena ndéantar difear díreach do 267 speiceas ar a laghad agus do shláinte an duine; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an truailliú ó mhicreaphlaistigh agus ó nanaphlaistigh agus an tionchar atá acu ar an mbithéagsúlacht mhuirí; á chur i bhfios go láidir an gá atá le sineirgí idir an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach agus an Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030;

180. á iarraidh ar AE a bheith i gceannas ar an gcaibidlíocht faoi chomhaontú domhanda maidir le plaistigh, lena n-áirítear maidir leis na haigéin a bheith saor ó phlaisteach faoi 2030, ag a mbeidh spriocanna ceangailteacha;

181. ag tabhairt dá haire mainneachtain chomhaltaí EDT an chaibidlíocht maidir le fóirdheontais iascaigh a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2020; á chur in iúl gur oth go mór léi mainneachtain an ghealltanais faoi SFInna (SFI 14.6) a bhaint amach maidir le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais iascaigh dhíobhálacha faoi 2020; ag tacú leis an iarraidh ar chomhaontú domhanda chun fóirdheontais iascaigh dhíobhálacha a thoirmeasc; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeidh ról níos lárnaí ag AE sa chaibidlíocht agus ar an gCoimisiún a ráthú go mbeidh forálacha iascaigh i gcomhaontuithe trádála

[1] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2016 maidir le plean gníomhaíochta AE i gcoinne na gáinneála ar fhiadhúlra (IO C 224, 27.6.2018, lch. 117).

comhsheasmhach le cosaint na bithéagsúlachta muirí;

182. á chur i bhfáth gur cheart na haigéin a aithint ar an leibhéal idirnáisiúnta mar chomhacmhainn dhomhanda d'fhonn a gcosaint a áirithiú; á iarraidh freisin ar AE a éileamh go nglacfaí conradh uaillmhianach domhanda maidir leis an haigéin chun bithéagsúlacht mhuirí a chosaint i limistéir atá lasmuigh den dlínse náisiúnta ar fud an domhain sa chéad seisiún eile den Chomhdháil Idir-Rialtasach maidir leis an mBithéagsúlacht atá Lasmuigh den Dlínse Náisiúnta agus go ndéanfaí painéal idir-rialtasach ar na haigéin a chur ar bun;

183. á chur i bhfáth an gá atá le creat comhtháite beartais mhuirí de chuid AE a bhaint amach lena n-áiritheofar comhsheasmhacht idir bithéagsúlacht mhuirí, beartas aeráide agus CBI;

184. á thabhairt chun suntais go gcreidtear gur san fharraige dhomhain atá an leibhéal is airde bithéagsúlachta ar Domhan agus go gcuireann sí seirbhísí ríthábhachtacha comhshaoil ar fáil, lena n-áirítear ceapadh carbóin ar bhonn fadtéarmach; á chur i bhfios gur rídhócha go bhfuil mianadóireacht domhainfharraige ina siocair le cailliúint dhosheachanta agus bhuan na bithéagsúlachta; á chur i bhfáth nach foláir go mbeadh feidhm ag prionsabal an réamhchúraim i leith earnáil na mianadóireachta domhainfharraige atá ag teacht chun cinn; ag meabhrú rún uaithi an 16 Eanáir 2018 maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan[1] agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit moratóir a chur chun cinn, lena n-áirítear ag an Údarás Idirnáisiúnta um Ghrinneall na Farraige, ar mhianadóireacht domhainfharraige go dtí go ndéanfar staidéar agus taighde leordhóthanach ar éifeachtaí na mianadóireachta domhainfharraige ar an muirthimpeallacht, ar an mbithéagsúlacht agus ar ghníomhaíochtaí an duine ar muir agus gur féidir mianadóireachta domhainfharraige a bhainistiú chun a áirithiú nach mbeidh ann do chailliúint na bithéagsúlachta muirí ná do dhíghrádú ar éiceachórais mhuirí; ag cur béim ar an ngá atá ann go gcuirfidh an Coimisiún deireadh leis an gcistiú chun teicneolaíocht mhianadóireachta ar ghrinneall na farraige a fhorbairt i gcomhréir le geilleagar ciorclach atá bunaithe ar mhianraí agus miotail a íoslaghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil;

185. ag athdhearbhú a hiarrata[2] ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún oibriú tríd an Údarás Idirnáisiúnta um Ghrinneall na Farraige ar mhaithe le trédhearcacht ina chuid modhanna oibre mar aon le cosaint éifeachtach na timpeallachta muirí ar éifeachtaí díobhálacha agus an chosaint agus caomhnú na muirthimpeallachta a áirithiú, de réir mar a cheanglaítear faoi Chuid XI agus faoi Chuid XII de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, agus a iarraidh ar na Ballstáit ról réamhghníomhach agus forásach a ghlacadh chucu féin laistigh de chomhlachtaí idirnáisiúnta chun athchóirithe trédhearcachta a chur chun cinn agus chun uaillmhian fhoriomlán chomhshaoil na ngníomhaíochtaí a dhéanfar a mhéadú;

186. ag tabhairt dá haire a ríthábhachtaí atá daonra na míolta móra ó thaobh éiceachórais mhuirí agus ceapadh carbóin de; ag meabhrú a tacaíochta láidir do leanúint den mhoratóir domhanda ar sheilg thráchtála míolta móra agus den toirmeasc ar thrádáil

---

1 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2018 dar teideal 'rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí ár n-aigéan i gcomhthéacs Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030' (IO C 458, 19.12.2018, lch. 9).

2 Rún maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan.

idirnáisiúnta tráchtála i dtáirgí míolta móra[1]; á chur in iúl gur oth léi tarraingt siar na Seapáine ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (IWC); ag tathant ar an Iorua agus ar an tSeapáin scor dá n-oibríochtaí seilge ar mhíolta móra; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a thathant ar IWC aghaidh a thabhairt go foirmiúil ar ghníomhaíochtaí seilge tráchtála míolta móra na hIorua;

187. á iarraidh ar Oileáin Fharó stop a chur lena seilg chonspóideach bhliantúil ar mhíolta móra píolótacha, ar a dtugtar Grindadràp freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit dul i dteagmháil go leanúnach le hOileáin Fharó maidir leis an tsaincheist sin d'fhonn deireadh a chur leis an gcleachtas;

***Reachtaíocht maidir leis an dúlra a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú***

188. ag tathant ar na Ballstáit na hoibleagáidí a leagtar amach i reachtaíocht chomhshaoil AE atá cheana ann a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh ina n-iomláine; á iarraidh ar an gCoimisiún nósanna imeachta um shárú a shaothrú ar bhealach níos mire, níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí, lena n-áirítear trí bhearta leantacha rialta a dhéanamh ar chásanna, chun gach cás de neamhchomhlíonadh a leigheas, agus feabhas a chur ar a bhunachar sonraí poiblí faoi 2022 chun go ndéanfar na céimeanna a ghlac na Ballstáit agus an Coimisiún mar fhreagairt ar sháruithe comhshaoil a rianú ar bhealach a bheidh intuigthe agus inrochtana go soiléir; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún dóthain acmhainní a leithdháileadh ar mhaithe leis na moilleanna atá ann faoi láthair a shárú; á chreidiúint go bhfuil leibhéal leordhóthanach foirne cáilithe ríthábhachtach chun beartais AE a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go rathúil;

189. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar bhonn níos sonraithe, nósanna imeachta um shárú a shaothrú go mear i dtaca le cásanna lománaíochta neamhdhleathaí, dul i mbun comhar le heagraíochtaí Eorpacha eile amhail an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), agus maidir le neamhchomhlíonadh na Treorach Réime maidir le hUisce[2] agus na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí[3] chun na ceanglais a chomhlíonadh i leith Dea-Stádas Comhshaoil a bhaint amach d'fharraigí agus d'uiscí na hEorpa;

190. á iarraidh ar na Ballstáit, lena n-áirítear na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, dlús a chur leis an gcur chun feidhme agus leis an bhforfheidhmiú, agus á iarraidh ar rialtais na mBallstát a straitéisí náisiúnta bithéagsúlachta a nuashonrú agus tuarascálacha cur chun feidhme débhliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030 ar an leibhéal náisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht mheántéarmach a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis más gá;

191. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht freisin le reachtaíocht AE a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar fud na mBallstát chun creat rialála a bheidh cobhsaí agus trédhearcach a chur ar fáil do gheallsealbhóirí, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cuspóirí na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030 a bhaint

---

[1] Rún maidir le seilg míolta móra san Iorua.

[2] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[3] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

amach ar an mbealach is éifeachtaí, agus ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo á seachaint ag an am céanna;

192. á chreidiúint go bhfuil gá le neartú a dhéanamh ar an gcomhrac i gcoinne na coireachta comhshaoil sna Ballstáit agus thar a dteorainneacha; á mheas gur ann do mhór-éagothromaíochtaí i mBallstáit AE a chuireann cosc ar dhlí coiriúil comhshaoil ó bheith éifeachtach; ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhri sin, athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir um Choireacht Chomhshaoil[1] chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí sin; á iarraidh go n-aithneofaí coireanna agus cionta comhshaoil, amhail iascaireacht NNN, agus coireacht fiadhúlra mar choireanna tromchúiseacha ar cheart iad a phionósú go leormhaith lena ngabhfadh díspreagthaí láidre, go háirithe i gcomhthéacs na coireachta eagraithe; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, féachaint an bhféadfaí prótacal i dtaca le coireacht fiadhúlra a chur le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireacht Eagraithe Thrasnáisiúnta;

193. ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le dliteanas i gcás sáruithe reachtaíochta nó damáiste don chomhshaol; á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar an Treoir maidir le Dliteanas Comhshaoil[2] a luaithe is féidir agus go ndéanfar rialachán lán-chomhchuibhithe de;

194. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di staid na gcosantóirí agus na ngníomhaithe comhshaoil, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú leo ar fud an domhain;

195. ag tathant ar an gCoimisiún straitéis shonrach chosanta agus tacaíochta a shainiú do phobail áitiúla agus do chosantóirí chearta an duine agus do chosantóirí ceart talún, ar straitéis í ba cheart a chomhordú thar gach clár cúnaimh sheachtraigh; á iarraidh freisin go dtabharfar tacaíocht fheabhsaithe d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta a oibríonn chun an comhshaol agus an bhithéagsúlacht a chosaint, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí a bhunú agus trí acmhainneacht a fhorbairt chun cearta pobal dúchasach agus pobal áitiúil a chosaint;

196. á athdhearbhú nach foláir do na Ballstáit a áirithiú go gcaomhnófar limistéir Natura 2000 agus go gcothabhálfar nó go n-athbhunófar stádas fabhrach caomhnaithe speiceas agus gnáthóg faoi chosaint; á iarraidh go ndéanfar an Treoir maidir le Gnáthóga a chur chun feidhme go hiomlán agus gníomhaíochtaí caomhnaithe á n-ailíniú leis an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch is déanaí; á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoi na saincheisteanna a eascraíonn as cómhaireachtáil feirmeoireachta beostoic le carnabhóirí móra i roinnt Ballstát; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, bearta leormhaithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí socheacnamaíocha a bhfuil baint acu le cómhaireachtáil le creachadóirí móra, amhail bearta coisctheacha agus cúitimh, chun a gcosaint a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil treoirlínte soiléire ann chun na bearta sin a chur chun feidhme, i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE, lena n-áirítear treoirlínte maidir le hibridiú na mac tíre;

197. á chur i bhfios go láidir go bhfuil cur chun feidhme rathúil na straitéise ag brath ar

---

1 Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

2 Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).

rannpháirtíocht na ngníomhaithe agus na n-earnálacha uile; á chur i bhfios go láidir an gá atá leis na gníomhaithe agus na hearnálacha sin a rannpháirtiú agus a dhreasú chun spriocanna na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030 a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún ardán a chruthú do gheallsealbhóirí chun plé a dhéanamh leis na geallsealbhóirí agus pobail éagsúla a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu agus a áirithiú go mbeidh aistriú cuimsitheach, cothrom agus cóir ann; á chreidiúint gur cheart go n-éascófar leis an ardán sin rannpháirtíocht ghníomhach agus ionadaíoch na bpobal agus na ngeallsealbhóirí sa phróiseas cinnteoireachta;

198. á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá sé don athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh ar an Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais ceanglais a chomhtháthú lena gcumhdaítear ceanglais aeráide agus bithéagsúlachta araon;

°

° °

199. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.